




An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

Commission for
Communications Regulation



Tuarascáil Bhliantúil **2018 – 2019**



An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON TRÉIMHSE
1 IÚIL, 2018 – 30 MEITHEAMH, 2019

Arna cur i láthair an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na
hAeráide agus Comhshaoil i gcomhréir le hAlt 32 den Acht um Rialáil
Cumarsáide, 2002.

CONTENTS

Maidir le ComReg	4
Coimisinéirí	5
Struchtúr na hEagraíochta	6
Foireann Ceannaireachta	7
Feidhmeanna	8
Athbhreithniú an Chathaoirligh	11
Forbhreathnú Cumarsáide	15
Tomhaltóirí	19
Rialachán maidir le Fánaíocht	24
Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála	31
Seirbhís Uilíoch Maidir le Cumarsáid Leictreonach	32
Rialachán Poist	34
Bainistíocht ar an Speictream Raidió	38
Uimhriú	47
Anailís ar an Margadh & Praghsáil	50
Athbhreithniú Mórdhíola	53
Seirbhísí Corparáideacha	56
Eacnamaíoch, Beartais agus Taighde	60
Gnóthaí Idirnáisiúnta	62
Ráitis Airgeadais	66

FIGURES

Figure 1:	Creat Straitéiseach ComReg	9
Figure 2:	Cosáin Rochtana Indírí Caolbhanda	16
Figure 3:	Síntiúis Mhóibíleacha	16
Figure 4:	Sciar den Mhargadh – Líon na Síntiús	17
Figure 5:	Próifíl na Síntiús Leathanbhanda Gníomhach de réir Cineáil	17
Figure 6:	Síntiúis agus Fás Leathanbhanda	17
Figure 7:	Comparáid maidir le treá leathanbhanda lín tí na hEorpa 2018	18
Figure 8:	Tithe Teilifíse de réir an Mhodha Glactha	18
Figure 9:	Praghasinnéacs Tomhaltóirí na Príomh-Oifige Staidrimh	18
Figure 10:	Aistear na dTomhaltóirí	19
Figure 11:	Treoir tomhaltóirí ComReg maidir le gearáin agus foireann Rannpháirtíocht Tomhaltóirí ComReg ag freastal ar imeachtaí ar fud na hÉireann	22
Figure 12:	Feabhsuithe ar an ardán NGN	49

MAIDIR LE COMREG



Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as cumarsáid leictreonach (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus líonraí craolacháin), seirbhísí poist agus seirbhísí ardrátaí a rialú. Is é ComReg an t-údarás náisiúnta rialála le haghaidh na n-earnálacha sin, i gcomhréir le dlí AE agus dlí na hÉireann. Chomh maith leis sin, déanaimid bainistiú ar an speictream radaimhinicíochta agus as an acmhainn náisiúnta uimhrithe, i measc freagrachtaí eile.

COIMISINÉIRÍ



Garrett Blaney
Cathaoirleach




Jeremy Godfrey
Coimisinéir



Robert Mourik
Coimisinéir

STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA



Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar an 1 Nollaig 2002 leis an Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 agus tá sé faoi stiúir Coimisiúin ina mbíonn suas le trí Choimisinéir. Ag deireadh na tréimhse tuairiscithe seo bhí trí Choimisinéir sa Choimisiún: Garrett Blaney (Cathaoirleach), Jeremy Godfrey, agus Robert Mourik.

Tá an Coimisiún, mar aon leis an bhFoireann Ceannaireachta, freagrach as bainistíocht straitéiseach agus oibriúcháin na heagraíochta. Braitheann ComReg ar iarracht ár bhfoirne go léir (lena n-áirítear dlíodóirí, eacnamaíthe, innealtóirí, cuntasóirí, anailísithe gnó agus speisialtóirí riaracháin) chun ár misean a bhaint amach agus ár gcuispóirí rialála a chomhlíonadh.

Tá ceithre Rannán in ComReg, atá tacaithe ag Ard-Abhcóide agus Comhairleoir Sinsearach - Eacnamaíocht, Beartais agus Taighde. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne trasfheidhmiúla a oibríonn i dtimpeallacht ildisciplíneach.

FOIREANN CEANNAIREACHTA



John Evans
Comhairleoir Sinsearach
Eacnamaíoch, Beartais agus Taighde



Caroline Dee-Brown
Ard-Abhcóide



Joe Heavey
Stiúrthóir
Rannán na Seirbhísí Corparáideacha



Donal Leavy
Stiúrthóir
An Rannán Mórdhíola



Barbara Delaney
Stiúrthóir
An Rannán Miondíola agus Seirbhísí
do Chustaiméirí



George Merrigan
Stiúrthóir
Rannán Chreat an Mhargaidh


FEIDHMEANNA



Tá ComReg freagrach as iomaíocht a chur chun cinn, tomhaltóirí a chosaint agus nuálaíocht a spreagadh. Déileálaimid le ceisteanna casta dlí, eacnamaíochta, cuntasaíochta, rialála agus teicneolaíochta.

Leagtar amach ár gcuispóirí ar aon dul leis an reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach araon, agus tá an creat reachtaíochta seo ag teacht chun cinn i gcónaí ó tháinig an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2007 i bhfeidhm. In 2007, rinneadh freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg, chomh maith le bearta forfheidhmiúcháin a bhí ar fáil, a mhéadú leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Go sonrach, tugadh cumhachtaí an Achta Iomaíochta do ComReg i ndáil le cumarsáid leictreonach agus seirbhísí leictreonacha. Leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí), 2010 aistríodh an fhreagracht as rialú seirbhísí ardráta chuig ComReg agus chuir ComReg tús le rialáil sa réimse seo i mí Iúil 2010. San Acht Seirbhísí Poist 2011 leagtar amach freagrachtaí rialála ComReg i ndáil le cúrsaí poist.

Léaráid 1: Creat Straitéiseach ComReg¹



¹ Doiciméad ComReg 17/31 www.comreg.ie/publications

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 go 2017, tá raon feidhmeanna agus cuspóirí ag ComReg i ndáil le soláthar líonraí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus poist.

Áirítear orthu sin:

- Comhlíonadh oibreoirí maidir le hoibleagáidí a chinntiú
- Iomaíocht a chur chun cinn
- Cur le forbairt margaidh inmheánaigh
- Leasanna úsáideoirí a chur chun cinn laistigh den Chomhphobal Eorpach
- Bainistíocht agus úsáid éifeachtach an speictrim radaimhnicíochta agus uimhreacha ón scéim náisiúnta um uimhriú a chinntiú
- Forbairt earnáil an phoist agus, go sonrach, infhaighteacht na seirbhíse uilíche a chinntiú
- Leasanna úsáideoirí deiridh as seirbhísí ardráta a chosaint

Clúdaítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo ár bpríomhghníomhaíochtaí ón 1 Iúil 2018 go dtí an 30 Meitheamh 2019.

ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH



Tá fíís thar a bheith uailmhianach ag an Aontas Eorpach chun sochaí gigighiotáin a dhéanamh den Eoraip faoin mbliain 2025. Samhlaítear fíís don Eoraip lena gcumasófar úsáid forleathan a bhaint as táirgí agus seirbhísí ar feadh an Mhargaidh Aonair Dhigitigh ach fáil a bheith ar líonraí an-ardchumais agus glacadh leo.

Tá pointe athchasaídh suntasach bainte amach ag an margadh cumarsáide in Éirinn. Tá pleananna soiléire ag an margadh agus ag an Rialtas a léiríonn an tslí a mbainfidh an margadh leathanbhanda fhosaithe agus infheistíochtaí sa mhargadh móibíleach 5G sna 5-7 mbliana amach romhainn roghanna nascachta amach do gach saoránach sa stát, le luasanna suas go 1GB agus os a chionn. Is cuid lárnach é cinneadh an Rialtais maidir leis an bPlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN) lena chinntiú go mbeidh rogha nascachta ardluais ag gach saoránach, ach chun sin a chur i bhfeidhm go rathúil, beifear ag brath ar mhaoirseacht rialála chúramach.



Leathanbhanda

Is é leathanbhanda an 4ú fónas i ndiaidh uisce, gáis agus leictreachais. Is cuid riachtanach den saol ó lá go lá é, bíodh sin le húsáid sa bhaile agus san oifig nó le haghaidh ghníomhaíochtaí eile amhail siopadóireacht nó féachaint ar an teilifís.

Tá fás fós ag teacht ar thomhaltas sonraí agus ar bhandaleithid do bhailte agus do ghnónna araon sa bhliain dar críoch Meitheamh 2019. Tháinig ardú 108% ar leathanbhanda lán-snáthoptaice agus ar shíntiúis le Cábla Snáthoptaice go hÁitreabh (FTTP), méid arbh ionann é agus 7.2% den líon iomlán síntiús leathanbhanda. B'ionann síntiús leathanbhanda le Línte Digiteacha Rannpháirtí ar Rí-Ardluas (VDSL) agus 35.9% de na síntiús go léir le leathanbhanda.

21.2% bhí sna síntiúis le leathanbhanda cábla, 15.3% le DSL, 2.7% le FWA agus 0.2% le leathanbhanda satailíte. B'ionann síntiúis le leathanbhanda soghluaiste agus 17.4% de na síntiúis go léir le leathanbhanda. Tuairim is 303,836 shíntiús a bhí ann amhail dheireadh mhí an Mheithimh 2019.

I mí na Bealtaine 2019, chuireamar fáilte roimh chinneadh an Rialtais maidir le tairgeoir tosaíochta a cheapadh chun leathanbhanda ardluais a sholáthar i gceantair thuaithe faoin bPlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN). Tacóimid leis an gclár trí bhíthin comhairle a chur ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le cúinsí ina bhféadfadh scileanna teicneolaíochta agus eacnamaíochta an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide breisluach a sholáthar, faoinár sainchúram rialála.

Faoin gclár PLN, beidh orainn ionchur suntasach a dhéanamh, mar rialtóir neamhspleách don earnáil, lena n-áireofar saincheisteanna amhail rochtain ar chuailí agus duchtanna agus cosaint do thomhaltóirí.



Móibíleach

Ba léir fás ar an earnáil mhóibíleach sa bhliain. Amhail dheireadh mhí an Mheithimh 2019 bhí os cionn 6.4 mhilliún síntiús le seirbhísí cumarsáide móibíleacha, lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus leathanbhanda Meaisín go Meaisín (M2M). Bhí fón cliste ag 86% de na síntiúsóirí fón móibíleach in Éirinn amhail Meitheamh 2019.

Ó d'eisiomar speictream 3.6GHz i mí na Bealtaine 2017, tá ar chumas cuideachtaí seirbhísí 5G a thairiscint. Le linn na tréimhse, tháinig fás 19.5% ar an líon iomlán síntiús M2M sa bhliain, ó 930,806 go 1,112,082. Aistríodh líon iomlán de 382,136 uimhir shoghluaiste idir oibreoirí sa dá mhí dhéag go dtí Meitheamh 2019.

I mí Feabhra 2019, sheol ComReg a léarscáil Clúdach Móibíleach Faoin Spéir ar a láithreán gréasáin (www.comreg.ie/coveragemap). Tugann an léarscáil deis d'úsáideoirí fón móibíleach an leibhéal clúdaigh mhóibíligh san áit a gcónaíonn siad nó a n-oibríonn siad a fheiceáil agus cabhraíonn sé le tomhaltóirí agus iad ag déanamh rogha idir oibreoirí bunaithe ar an bhfáil ar chlúdach a thuartar a bheidh ina gceantar nó ina rogha áite. Rinneadh an léarscáil le sonraí a thug na príomh-oibreoirí líonraí móibíleacha agus tá sonraí ann freisin maidir leis na hoibreoirí líonraí fíorúla móibíleacha (soláthróirí seirbhísí arb iad na príomh-oibreoirí líonraí móibíleacha a óstálann a gcuid seirbhísí).



Tomhaltóirí

Tá oibleagáid reachtúil ar an gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide cosaint agus faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí a bhfuil seirbhísí cumarsáide leictreonacha á gceannach acu le go bhféadfaidh siad seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid le muinín. I mí Eanáir 2018 tháinig Cód Cleachtais nua maidir le Láimhseáil Gearán i bhfeidhm. Leagtar amach sa Chód na híosriachtanais do chóid chleachtais Sholáthróirí Seirbhísí maidir le láimhseáil gearán chun cabhrú le tomhaltóirí agus gearán á dhéanamh acu.

I rith na bliana, rinneadh thart ar 79,000 teagmháil ó thomhaltóir le Foireann Chúram Tomhaltóirí ComReg. Féadfaidh tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le Foireann Chúram Tomhaltóirí ComReg trí na cainéil seo a leanas – teileafón, ríomhphost, foirm ghearáin ar líne, litir, comhrá gréasáin, SMS agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Freagraíodh 89.5% de na glaonna go léir chuig Foireann Chúram Tomhaltóirí ComReg laistigh de 20 soicind agus freagraíodh 99% de na teagmhálacha i scríbhinn laistigh de 24 uair an chloig.

Foilsíonn ComReg staitisticí ráithiúla i ndáil le saincheisteanna arna n-ardú ag tomhaltóirí a dhéanann teagmháil lenár bhFoireann Chúram Tomhaltóirí. I rith na tréimhse lúil 2018 go Meitheamh 2019 rinneadh tomhaltóirí teagmháil linn maidir le tuairim is 35,400 saincheist. Tá na saincheisteanna sin deighilte idir an tSeirbhís Cumarsáide Leictreonaí (ECS), an tSeirbhís Ardráta (PRS) agus cineálacha saincheisteanna eile. Bhain tuairim is 19,300 den líon iomlán saincheist a ardaíodh le saincheisteanna cumarsáide leictreonaí, agus bhain 12,100 eile le saincheisteanna faoin tseirbhís ardráta. Níor bhain an chuid eile le ComReg. As na saincheisteanna go léir a ardaíodh le ComReg i rith na tréimhse, ba ghearáin iad 14% a géaraíodh thar ceann na dtomhaltóirí chuig na Soláthróirí Seirbhíse ábhartha maidir le seirbhísí ECS agus PRS araon.

Bhain formhór na saincheisteanna ECS a ardaíodh faoi shainchúram ComReg le billeáil, saincheisteanna seirbhíse, nithe conarthacha agus uimhreacha a aistriú/ iniomparthacht uimhreacha. Bhain formhór na saincheisteanna PRS a ardaíodh le cásanna inar shéan tomhaltóirí go raibh caidreamh acu leis an PRS inar easaontaigh an tomhaltóir le muirear an PRS a bhí i gceist. Tomhaltóirí gnó a d'ardaigh 1,058 den líon iomlán saincheisteanna agus bhain siad le billeáil, saincheisteanna seirbhísí agus nithe conarthacha, go príomha.



Iomaíocht

Tá dualgas reachtúil ar ComReg a chinntiú, tríd an iomaíocht, go bhfuil rogha soláthróirí sna margaí mórdhíola agus miondhíola. I mí na Nollag 2018, chomhaontaigh ComReg agus Eircom sraith gealltanais as a lean Samhail Rialachais Rialála níos fearr in Eircom. Mar chuid den chomhaontú sin, chomhaontaigh Eircom Comhlacht Maoirseachta Neamhspleách (IOB) a bhunú lena ndéanfar maoirseacht agus measúnú ar shocruithe rialachais rialála Eircom.

Tá an IOB comhdhéanta de chúig chomhalta a oibreoidh i gcomhar chun a shainchúram a bhaint amach. Daoine neamhspleácha iad formhór na gcomhaltaí, an Cathaoirleach san áireamh, agus is é ComReg a cheapann iad. Cheapann Eircom beirt chomhaltaí eile.



Speictream

Sa bhliain faoi athbhreithniú, lean ComReg lena chuid oibre chun tuilleadh speictrim a chur ar fáil do mhargadh na hÉireann. I mí an Mheithimh 2019, leagamar amach ár moltaí chun na bandaí 700 MHz, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz a chur ar fáil. Tá sé beartaithe ag ComReg cearta speictrim a bhronnadh ar bhonn teicneolaíochta a bheidh neodrach ó thaobh na seirbhíse de. Creidimid go mbeidh an bronntanas sin thar a bheith oiriúnach chun feabhsúcháin ar sheirbhísí móibíleacha a éascú, go háirithe chun tuilleadh seirbhísí 5G a sheachadadh.

Ach úsáid a bhaint as an acmhainn speictrim raidió, cabhraítear le fás eacnamaíoch a sholáthar agus tacaítear le go leor post inár ngeilleagar nua-aimseartha. Is bunriachtanach é chun cumarsáid mhóibíleach a sholáthar agus chun glacadh le seirbhísí craolta gan sreanga. Tá ról tábhachtach ag an earnáil teileachumarsáide gan sreanga i ngeilleagar na hÉireann agus is ionann é agus tuairim is €4 bhilliún de Bhreisluach agus rannchuidiú iomlán measta €6.2 bhilliún de ghníomhaíochtaí a bhraitheann ar speictream – arb ionann é agus 3.5% d'Ollioncam Náisiúnta na hÉireann.

Amhail an 30 Meitheamh 2019, ba 5,012 a bhí sa líon iomlán ceadúnas nua a eisíodh sa tréimhse tuairiscithe seo, ardú 36.3% ar an mbliain roimhe. Bhain an t-ardú sin, i bpáirt, le hardú 44% ar an líon iarratas ar cheadúnais naisc pointe go pointe a thabharfaidh deis d'oibreoirí móibíleacha agus do sholáthróirí ECS eile a nascann a stáisiúin bhunáite agus a nóid.



Idirnáisiúnta

Tá ComReg ina chomhalta gníomhach de Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Ón 1 Eanáir, ghlac an Coimisinéir Jeremy Godfrey ról mar Chathaoirleach BEREC 2019 air féin. Táimid thar a bheith buíoch de Jeremy as an gceannaireacht den scoth a léirigh sé sa ról. Lean BEREC air de bhearta a fheidhmiú arb aidhm leo a ról mar chumasóir straitéis an AE don Mhargadh Aonair Digiteach a threisiú. Stiúir ComReg na deich nGrúpa Oibre bhuna de chuid BEREC chun na tionscadail go léir arna leagan amach sa Chlár Oibre 2019 a sholáthar, le béim ar an obair éigeantach rithabhachtach a eascraíonn as Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach.

I mí na Nollag 2018, chuaigh an Treoir ón AE lenar bunaíodh an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach i bhfeidhm. Ní mór na bearta nua a chur i bhfeidhm i ngach ballstát ón 21 Nollaig 2020. I measc na rialacha nua tá bearta chun infheistíocht i líonraí an-ardchumais san AE a spreagadh agus glacadh leo, chomh maith le rialacha nua maidir le speictream maidir le nascacht mhóibíleach agus 5G. Leis an gCód, cinntítear go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar chumarsáid inacmhainne, lena n-áirítear an t-idirlíon. Méadaíonn sé cosaint do thomhaltóirí agus slándáil d'úsáideoirí agus éascaíonn sé idirghabháil rialála.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil le gach ball foirne de chuid ComReg a chabhraigh liom féin agus le mo chomh-Choimisinéir, Robert Mourik, nuair a ghlacamar lenár ról mar Choimisinéirí i mí Eanáir 2019. Chabhraigh foireann iomlán ComReg lena chur ar chumas an triúir Choimisinéirí déileáil leis na dúshlán a bhaineann leis an earnáil cumarsáide leictreonaí in Éirinn a rialáil.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, lean earnáil na cumarsáide leictreonaí ag forbairt agus ag oiriúint agus líonraí ardluais, ardacmhainne á n-infheistiú ag cuideachtaí líonraí fosaithe, móibíleacha agus gan sreang mar fhreagairt ar éilimh úsáideoirí seirbhíse.

Cuireann ComReg fáilte roimh na hinfeistíochtaí sin i dteicneolaíocht agus líonraí lenar féidir nascacht fhoriomlán ár sochaí a threisiú.

Creideann ComReg gur cheart do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí rochtain a bheith acu ar sheirbhísí cumarsáide inacmhainne, forleathana agus ardchaighdeán a thacaíonn le riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann.

FORBHREATHNÚ CUMARSÁIDE



Líon na nOibreoirí Údaraithe

Faoi bpróiseas údarúcháin, cuireann oibreoirí a rún líonraí nó seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe in iúl. Le linn na tréimhse sin b'ionann líon iomlán na bhfógraí 'gníomhacha' agus 672 (46 ceann úr sa tréimhse atá clúdaithe sa tuarascáil bhliantúil – níos mó ná blianta eile). Bhain 661 le líonraí fosaithe agus 11 le líonraí móibíleacha.

Sciar an Mhargaidh de Línte Fosaithe

Bunaithe ar shonraí oibreoirí a cuireadh isteach trí cheistneoir na Tuairisce Ráithiúla, b'ionann Oibreoirí Údaraithe Eile (OUEnna) agus 54% den iomlán an mhargaidh línte fosaithe i gcomhthéacs an ioncaim fhoriomláin (miondíol agus mórdhíol) faoi mhí an Mheithimh 2019, méadú 53% i mí an Mheithimh 2018. B'ionann Eircom Teoranta, atá ag trádáil mar eir, agus an sciar eile den mhargadh.

Cosáin rochtana teileachumarsáide fosaithe agus trácht gutha fosaithe

Bhí 1.26 milliún cosán rochtana díri agus indíri Líonraí Poiblí Lasctheileafóin (PSTN) agus Líonraí Digiteach Lasctha Comhtháite (ISDN) i margadh na hÉireann ó mhí an Mheithimh 2019 i leith, laghdú 6.4% ó mhí an Mheithimh 2018.

Leanann an trácht gutha a thionscnaíonn ó líonraí fosaithe ag laghdú. I R2 2019, thionscain an meánsíntiúsóir cónaithe 78 nóiméad de ghlaonna gutha fosaithe i gcomparáid le 92 nóiméad i R2 2018.

CPS, WLR agus WLA fosaithe


Is féidir rochtain indíreach ar líonraí línte fosaithe le haghaidh seirbhísí glaonna a sholáthar trí Réamhrogha Iompróra (CPS), i gcás go soláthraíonn oibreoir na seirbhísí glao ag baint úsáid as líonra an oibreora sealbhóra, agus íocann an custaiméir cíós líne don sealbhóra.

Trí Chíos Líne Mórdhíola (WLR) is féidir le hoibreoir billeáil aonair a sholáthar don chustaiméir dá líne fhosaithe ar cíós agus dá n-úsáid as glaonna fosaithe.

Is ionann Rochtain an Lipéid Bháin-Rochtain Ghutha (WLA-(Guth)) agus seirbhís ghutha gan lasc trínar féidir le hoibreoir seirbhísí glaonna ceann go ceann a cheannach gan an gá lena bhonneagar idirnaisc féin a bheith aige.

Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2019, b'ionann WLR agus 47.6% de na línte ar fad a soláthraíodh trí rochtain indíreach, (laghdú ó 48.9% ag deireadh mhí an Mheithimh 2018), b'ionann WLA as 51% (méadú ó 49.2% i mí an Mheithimh 2018) agus b'ionann CPS agus 1.4% de na línte (laghdú ó 1.9% i mí an Mheithimh 2018). San iomlán bhí 543,631 cosán rochtana indíri ag deireadh R2 2019, laghdú 5% ó mhí an Mheithimh 2018. Léiríonn sé sin laghdú ar CPS agus ar WLR.


Léaráid 2: Cosáin Rochtana Indíri Caolbhanda



Seirbhísí cumarsáide móibíle

Ag deireadh mhí an Mheithimh 2019 bhí os cionn 6.4 milliún síntiús le seirbhísí cumarsáide móibíle (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus M2M in Éirinn, arb ionann é sin agus ráta treá 130%. I R2 2018 b'ionann iomlán na síntiús M2M agus 930,806 ag méadú ó 1,112,082 i R2 2019, rud a léiríonn fás bliantúil 19.5%.

Léaráid 3: Síntiús Mhóibíleacha



Mar gheall go páirteach ar an úsáid mhéadaithe ag tomhaltóirí as seirbhís cur teachtaireachtaí meandracha, tháinig laghdú 15.7% ar mhéid an cur teachtaireachtaí téacs in R2 2019 i gcomparáid le R2 2018. Sna trí mhí go dtí mí an Mheithimh 2019, sheol an meánsíntiúsóir móibíleach Éireannach 62 teachtaireacht ar an meán in aghaidh na míosa agus meán 76 in aghaidh na míosa sa ráithe go dtí mí an Mheithimh 2018.

Tháinig laghdú go 208 nóiméad in aghaidh na míosa ar mheán-nóiméad na nglanna gutha in aghaidh na míosa i mí an Mheithimh 2019, laghdú ó 214 i mí an Mheithimh 2018. B'ionann an meántrácht míosúil in aghaidh an tsíntiúsóra móibíleach ag baint úsáid as seirbhísí gutha agus seirbhísí sonraí agus 6.7 GB i mí an Mheithimh 2019 i gcomparáid le 5.8 GB i mí an Mheithimh 2018.


I R2 2019 b'ionann an Meánioncam móibíleach in aghaidh an Úsáideora (ARPU) le haghaidh síntiúsóirí fóin phóca réamhíoctha agus €14.36 in aghaidh na míosa agus b'ionann ARPU móibíleach le haghaidh síntiúsóirí fón phóca réamhíoctha agus €36.39 in aghaidh na míosa. B'ionann an ARPU le haghaidh síntiúsóirí fóin phóca réamhíoctha agus €15.71 in aghaidh na míosa agus b'ionann ARPU móibíleach le haghaidh síntiúsóirí leathanbhanda mhóibíleach réamhíoctha agus €19.08 in aghaidh na míosa.

Rinneadh 382,136 uimhir mhóibíleach a aistriú idir oibreoirí sna 12 mhí go dtí mí an Mheithimh 2019, arb ionann é sin, ar an meán, agus 31,844 uimhir mhóibíleach á n-aistriú gach mí.

Tá an sciar is mó de na síntiúis ag Vodafone fós (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus síntiúis idir meaisíní) agus R2 2018 á chur i gcomparáid le R2 2019, tháinig méadú beag ó 38.8% go 39% ar sciar Vodafone den mhargadh. Ag deireadh R2 2019, bhí 35.6% de na síntiúsóirí ag Three Group, méadú ó 35% in R2 2018.

Tháinig laghdú 1.2% ó sciar eir den mhargadh ó R2 2018. Bhí sciar Tesco Mobile den mhargadh fós seasmhach agus tháinig méadú 0.3% ar sciar oibreoirí eile den mhargadh ó R2 2018

Léaráid 4: Sciar den Mhargadh – Líon na Síntiúis (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleach agus M2M)




Leathanbhanda

Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2019, bhí 1,749,271 síntiús le leathanbhanda. Is síntiús le VDSL formhór na síntiús sin ag 628,330, síntiús le cábla ina dhiaidh sin ag 371,601, 267,744 síntiús le Leathanbhanda DSL, is ionann na síntiús le cuntais leathanbhanda cábla snáthoptaice go háitreabh (FTTP) agus 126,685 síntiús, Rochtain Fhosaithe gan Sreang (FWA) ag 47,041 agus satailít ag 4,034.

B'ionann líon na síntiús le leathanbhanda móibíleach agus 303,836, nó 17% de gach síntiús leathanbhanda ag deireadh mhí an Mheithimh 2019.

In R2 2019, b'ionann síntiús leathanbhanda VDSL agus 35.9%, leathanbhanda cábla agus 21.3%, DSL agus 15.4%, FWA agus 2.7%, FTTP agus 6.9% agus satailít agus 0.2% de na síntiús leathanbhanda ar fad. B'ionann leathanbhanda móibíleach agus 17% de na síntiús leathanbhanda ar fad.

Léaráid 5: Próifíl na Síntiús Leathanbhanda Gníomhach de réir Cineáil




Léaráid 6: Síntiús agus Fás Leathanbhanda

Cineál Síntiúis	Q2 2019	Fás Ráithiúil R1'19 – R2'19	Fás Bliain Le Bliain R2'18 – R2'19
Leathanbhanda DSL	267,744	-4.8%	-17.8%
Leathanbhanda VDSL	628,330	0.6%	+4.6%
Leathanbhanda Cábla	371,601	-0.7%	+0.1%
FTTP Broadband	126,685	15.2%	+108.0%
Leathanbhanda Satailíte	4,034	-8.4%	-15.3%
Leathanbhanda FWA	47,041	2.4%	-5.6%
Iomlán an Leathanbhanda fhosaithe	1,445,435	0.3%	2.3%
Leathanbhanda Móibíleach	303,836	0.5%	2.3%
Leathanbhanda iomlán	1,749,271	0.4%	2.3%

I Léaráid 7 léirítear staid na hÉireann i gcomparáid le meán AE28 i gcomhthéacs treá lín tí an leathanbhanda fhosaithe agus mhóibíligh. Bhí Éire (88%) os cionn meán AE28 (86%) le haghaidh treá leathanbhanda lín tí (fosaithe agus móibíleach) in 2018.


Léaráid 7: Comparáid maidir le treá leathanbhanda lín tí na hEorpa 2018



Craoladh

Faoi mí Iúil 2019, as 1.66 milliún líon tí teilifísí in Éirinn, bhí cábla síntiúis nó seirbhís satailíte ag 60%, bhí seirbhís aeróige ag 40%, bhí seirbhís DTT Éireannach ag 40% agus bhí seirbhís satailíte saorchraolta ag 20%. D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná modh amháin fáiltithe teilifíse ag gach teach.

Léaráid 8: Tithe Teilifíse de réir an Mhodha Glactha




Forbairtí praghsanna

I dtéarmaí foriomlána, léiríonn léaráid 9 an t-athrú a tháinig ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) agus ar an bhfo-chomhpháirt chumarsáide. Tomhaiseann CSO cumarsáidí mar 2.96% den CPI iomlán.

Ag baint úsáid as mí na Nollag 2016 mar an mbonntréimhse, tháinig méadú 1.1% ar an CPI iomlán sa bhliain go mí an Mheithimh 2019 agus tháinig laghdú 6.6% ar chostais na cumarsáide.

Léaráid 9: Praghasinnéacs Tomhaltóirí na Príomh-Oifige Staidrimh



TOMHALTÓIRÍ




Is é cur chuige straitéiseach foriomlán ComReg maidir le tomhaltóirí, tomhaltóirí a chosaint agus eolas a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

Le linn na tréimhse, rinne ComReg roinnt beart lena spriocanna tomhaltóirí lena mbaineann a sholáthar.

Léaráid 10: Aistear na dTomhaltóirí

AISTEAR NA DTOMHALTÓIRÍ



Faisnéis – Léarscáil um Chlúdach Móibíleach, Comparáid agus Seiceálaí Seirbhíse ComReg

Sholáthair ComReg léarscáil ar líne de chlúdach móibíleach lasmuigh ag, www.comreg.ie/coverage, lenar féidir le tomhaltóirí ríomh ComReg de chlúdach fón póca oibreoirí agus leibhéil an chomhartha ag suíomhanna ar fud na tíre a sheiceáil. Leis an léarscáil seo beidh úsáideoirí fón póca ábalta leibhéal an chlúdaigh mhóibíligh san áit ina n-oibríonn siad nó ina gcónaíonn siad a fheiceáil agus cuidíonn sé le tomhaltóirí agus roghanna á ndéanamh acu idir oibreoirí ar bhonn infhaighteacht tuartha an chlúdaigh ina gceantar nó i suíomh roghnaithe. Cruthaíodh í ag baint úsáid as sonraí arna soláthar ag na príomhoibreoirí líonraí móibíleacha gus áirítear leis chomh maith sonraí le haghaidh na n-oibreoirí líonraí fíorúla móibíleacha (soláthraithe seirbhíse a n-óstálann na príomhoibreoirí líonraí móibíleacha a seirbhísí). Tá an léarscáil seo leagtha amach i bhformáid dhathchódaithe – taispeánann donn dorchá clúdach an-mhaith trí go béas a thaispeánann clúdach imeallach. Taispeánann an léarscáil neart an chomhartha ó an-mhaith, maith, ceart go leor, imeallach agus gan aon chlúdach maidir le 2G (Guth), 3G (Sonraí agus Guth) agus 4G (Sonraí agus Guth).

Oibríonn ComReg leis an tionscal lena chinntiú go mbeidh faisnéis ábhartha chruinn ar fáil do thomhaltóirí maidir le tairiscintí margaidh reatha, chun cuidiú leo lena gcinntí ceannacháin a dhéanamh.

Nuashonraigh ComReg a uirlis um chomparáid luacha, ComReg Compare ag www.comreg.ie/compare, le feidhmiúlacht úr. Ar an áireamhán seo, is féidir le tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir tairiscintí margaidh soláthraithe seirbhíse cumarsáide de réir an tsáis láimhe, an mheánchostais mhíosúla, an chostais iomláin, lena n-áirítear costais sás láimhe, liúntais agus luas, bunaithe ar an bhfaisnéis úsáide a chuirtear isteach.

Le cuidiú le tomhaltóirí a bhfuil ceisteanna acu faoi mhuirir PRS a cuireadh ar a mbille nó a asbhaineadh dá gcreidmheas fóin, tairgeann ComReg saoráid ar líne chomh maith, Seiceálaí Seirbhíse, ag <http://servicechecker.comreg.ie/> trínar féidir le sonraí teagmhála agus sonraí eile lena n-áirítear gach seirbhís ardráta a sheiceáil. Is féidir le tomhaltóirí ainm na seirbhíse nó uimhir cúig dhigit na seirbhíse ar gearradh táille aisti a chur isteach agus lena n-áirítear sonraí a chur san áireamh arna gcur i láthair le sonraí uimhir agus ríomhphost na líne cabhrach seirbhíse do chustaiméirí.

Faisnéis - Cearta Tomhaltóirí

Féachann ComReg le tomhaltóirí a chumhachtú trí infhaighteacht faisnéise cuí trédhearcaí a chinntiú agus próiseas éifeachtach láimhseála gearán á thairiscint. Féachann ComReg le tuisceant a fháil ar riachtanais tomhaltóirí atá ag fabhrú trí idirchaidreamh a dhéanamh leis na geallsealbhóirí éagsúla ag baint úsáid as sásraí éagsúla amhail an Fhoireann Cúraim Custaiméirí; ár gclár um Rannpháirtíocht Tomhaltóirí (lena n-áirítear láithreach ar líne); Painéal Comhairleach Tomhaltóir ComReg; Ceardlann ComReg maidir le Cumarsáid Leictreonach do Dhaoine faoi Mhíchumas agus trí shuirbhéanna ábhartha a dhéanamh agus trí ionchuir a fháil ó eagraíochtaí tomhaltóirí lena ndéanaimid dlúth-idirchaidreamh.

Tugtar eolas do thomhaltóirí trí fhaisnéis thráthúil, ábhartha, shoiléir agus inrochtana. Aithníonn ComReg an gá atá leis an eolas ceart a thabhairt do thomhaltóirí ionas go mbeidh siad ábalta cinntí a dhéanamh i ndáil le cumarsáid leictreonach agus cuidiú leo ina gcuid déileálacha lena soláthraí seirbhíse, go háirithe agus an iomaíocht ag éirí dian. Maidir leis seo, lean ComReg lena rannóg tomhaltóirí ag **www.comreg.ie** a nuashonrú le faisnéis agus nuacht ábhartha maidir le seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid.

Faisnéis - Clár um Rannpháirtíocht Tomhaltóirí

Lean ComReg lena rochtain rannpháirtíochta tomhaltóirí a mhéadú le linn na tréimhse le feachtais spriocdhírthe chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoin bhfaisnéis a chuireann ComReg ar fáil. Áirítear ar thionscnaimh dá leithéid suíomh gréasáin ComReg a nuashonrú le faisnéis agus feidhmiúlacht tomhaltóirí, for-rochtain do sheanóirí, seó trádála agus láithreacht ag imeachtaí náisiúnta agus feachtais margaíochta traidisiúnta agus digití chun tomhaltóirí a chur ar an eolas. Lena chois sin, leanadh le dáileadh treoracha tomhaltóirí ComReg le linn na bliana agus cuireadh bileoga ar fáil i líonra clinicí dochtúirí ginearálta, ionaid sláinte agus ospidéal ar fud na tíre chomh maith le líon leabharlanna contae agus Oifigí Comhairle Contae. Thug ComReg faoi ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta le geallsealbhóirí lena n-áirítear Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda an Rialtais, Coiste Comhairle na Rannóige, Oifigigh Leathanbhanda (Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda) agus Foghrúpa na Líonraí Rialálaithe Eacnamaíocha.

Léaráid 11: Treoir tomhaltóirí ComReg maidir le gearáin agus foireann Rannpháirtíocht Tomhaltóirí ComReg ag freastal ar imeachtaí ar fud na hÉireann.



Bearta Cosanta do Thomhaltóirí

Mar chuid den athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise SCL Cúig Bliana i R1 2019, chuir ComReg Sprioc úr leis chun an méid seo a leanas a chinntiú:

Sprioc: Go mbeidh cearta agus cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, chun díobháil tomhaltóirí a mhaolú.

Tá roinnt cosaintí tomhaltóirí i bhfeidhm cheana lena n-áirítear, bearta i ndáil le praghsáil uimhreacha neamhghheografacha, bearta maidir le rialú caiteachais agus costas, billeáil mhiondealaithe agus meáin bhilleála agus urchosc roghnach glaonna.

D'eisigh ComReg Cinneadh² i mí Feabhra 2018 inar ceanglaíodh ar sholáthraithe seirbhíse móibílí saoráid a chur ar fáil, ón 1 Eanáir 2019, chun deis a thabhairt dá shíntiúsóirí a roghnú urchosc a chur ar Sheirbhísí Ardráta ("PRS") más mian leo amhlaidh a dhéanamh. Bhí sé ceangailte chomh maith ar sholáthraithe seirbhíse móibíleacha a síntiúsóirí a chur ar an eolas faoin tsaoráid seo, agus faoin dóigh trína bhféadfadh leo an tsaoráid urchosc a iarraidh, trí bhíthin teachtaireacht SMS. Bhí an teachtaireacht SMS le heisiúint chuig tomhaltóirí tráth nach déanaí ná 28 lá i ndiaidh na saoráidí urchosc teacht i bhfeidhm agus/nó tráth nach déanaí ná an 28 Eanáir 2019. Le linn na tréimhse, rinne ComReg monatóireacht ar na ceanglais sin agus tá soláthraithe seirbhíse móibílí ag cloí leis an oibleagáid a gcustaiméirí a chur ar an eolas.

D'fhéadfadh tomhaltóirí táillí arda a thabhtú óna n-úsáid as seirbhísí cumarsáide leictreonacha a mhéid is nach dtiocfadh na billí le lena rabhtas ag súil leis ("**suaithheadh bille**"). Ciallaíonn suaithheadh bille an fhreagairt dhiúltach a d'fhéadfadh tarlú do thomhaltóir má bhíonn táillí nach rabhtas ag súil leo ar a ngnáthbhille.

Le linn na tréimhse, rinne ComReg athbhreithniú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh beart d'úsáideoirí deiridh a bheith ábalta smacht a bheith acu ar chostas na seirbhísí teileafóin atá ar fáil go poiblí d'úsáideoirí deiridh. Tá sé beartaithe ag ComReg Glao ar lonchuir a eisiúint níos déanaí in 2019 chun tuiscint níos fearr a fháil ar na fadhbanna maidir le suaithheadh bille agus cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dtuairimí agus a n-eispéiris a roinnt.

Leanann ComReg le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí an mhargaidh agus na tairbhí a d'fhéadfadh bheith ann chomh maith leis na rioscaí i ndáil le táirgí agus seirbhísí ráta nialasaigh. Chomh maith leis sin, d'oibrigh ComReg lena chomhghleacaithe ag BEREC i ndáil lena chlár ar idirlíon oscailte sa tréimhse seo.

Tuigeann ComReg an tábhacht a bhaineann le sásraí éifeachtacha bheith i bhfeidhm mar bhealach amháin chun muinín tomhaltóirí a chothú. Agus é sin á chur san áireamh, agus comhairle déanta aige maidir le tabhairt isteach nósanna imeachta um réiteach foirmiúil díospóidí, i mí na Samhna 2018 d'eisigh ComReg a chinneadh³ maidir le réiteach foirmiúil díospóide, a gcuirfear tús leis i mí Mheán Fómhair 2019.

2 Doiciméad ComReg 15/125 www.comreg.ie/publications

3 Doiciméad ComReg 18/104 www.comreg.ie/publications

RIALACHÁN MAIDIR LE FÁNAÍOCHT



I gcomhréir lena fheidhm reachtúil, leanann ComReg dá chuid oibre maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhm chuideachtaí seirbhíse móibílí Éireannacha maidir leis an Rialachán maidir le Fánaíocht.

I rialacha sonracha AE⁴ maidir le fánaíocht mhóibíleach lena gcosnaítear tomhaltóirí cuimsítear taraifí agus iad ag taisteal i dtíortha eile AE agus bearta trédhearcachta.

Ón 15 Meitheamh 2017

Gearrtar an praghas miondíola baile ar chustaiméirí anois as a bhfón póca a úsáid agus iad ag taisteal – tugtar “Fánaíocht ar Tháillí Baile” (FATB). Le tabhairt isteach FABT, níl cead ag soláthraithe seirbhíse táille níos airde a ghearradh ná mar a thabhoífaí amhail is dá raibh an custaiméir ag úsáid na seirbhísí sin sa tír dhúchais i.e. an praghas baile. Mar sin féin, tá eisceachtaí ann. Áirítear leo sin an cumas polasaí um úsáid chóir a chur i bhfeidhm maidir le sonraí, bearta frith-mhí-úsáide agus forálacha inbhuanaitheachta. Lena chois sin, tá bearta trédhearcachta i bhfeidhm a chuideoidh le custaiméirí fánaíochta a n-úsáid agus a gcostas a bhainistiú, go sonrach, foláirimh le haghaidh sonraí ag an uasteorainn/caidhp airgeadais réamhshocráithe €61.50 (CBL san áireamh, tá feidhm ag an bhforáil seo sa chuid uile den domhan agus ní laistigh de AE amháin.

4 Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE.

Leanann tomhaltóirí a bhíonn ag fánaíocht le teachtaireacht phearsantaithe SMS a fháil nuair a iontrálann siad i dtír eile LEE. Bíonn sonraí sa teachtaireacht sin amhail an praghas (gan CBL san áireamh) as glaonna a dhéanamh agus a ghlacadh, SMS a sheoladh, agus polasaí úsáide agus táillí sa bhreis ar theorainneacha agus ar fhomhuirir, an uimhir fóin saor in aisce le haghaidh tuilleadh eolais agus an uimhir le haghaidh seirbhísí éigeandála.

Maidir le húsáid sonraí, faigheann tomhaltóirí a bhíonn ag fánaíocht foláireamh nuair a shroichfidh siad an teorainn €50 (gan CBL san áireamh). Tá an teorainn airgeadais nó toirte maidir le úsáid fánaíochta sonraí de €50 (gan CBL san áireamh) in aghaidh na tréimhse billeála míosúla. Iarrtar ar thomhaltóirí ansin a dheimhniú má theastaíonn uathu leanúint leis na sonraí a úsáid. Lena chois sin, tá an ceart ag tomhaltóirí tuilleadh eolas mionsonraithe a iarraidh agus a fháil óna soláthraí seirbhíse fánaíochta ó áit ar bith i LEE.

Ó 15 Bealtaine 2019, tá caidhp ar an gcostas ar thomhaltóirí Éireannacha as glaonna a dhéanamh nó teachtaireachtaí téacs SMS a sheoladh ó Éirinn chuig uimhir fhosaithe nó mhóibíleach i mBallstát eile AE.⁵ Ní ghearrfar táille níos mó ná €0.19 (+CBL) in aghaidh an nóiméid ar thomhaltóirí AE agus Éireannacha as glaonna a dhéanfar (lena n-áirítear táille ceangail ar bith) agus €0.06 (CBL) as gach SMA a sheolfar as Éirinn chuig uimhir fhosaithe nó mhóibíleach ar bith i mBallstát AE, rud a d'fheadfadh feabhas a chur ar eispéireas na dtomhaltóirí.

Cuimsítear sa leathanach Faisnéise do Thomhaltóirí ar shuíomh gréasáin ComReg na scéalta is déanaí do thomhaltóirí lena n-áirítear nuacht agus leideanna comhairle ar conas fánaíocht de thaisme a sheachaint. Soláthraíonn ComReg faisnéis ar leith maidir le seirbhísí cumarsáide laistigh de AE ar ár suíomh gréasáin.

Cosaint Úsáideoirí Leochaileacha

Thionóil ComReg cruinniú dá Cheardlann do Dhaoine faoi Mhíchumas maidir le Cumarsáid do Dhaoine faoi Mhíchumas i R1 2019. Cuirtear comhdhéanamh na bhfreastalaithe ag gach imeacht Ceardlainne i dtoll a chéile lena chinntiú gur féidir leo siúd a bheidh i láthair (lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse agus comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas) taithí agus dea-chleachtas a chur leis agus lena chinntiú go mbeidh eolas agus freagracht ag na freastalaithe i ndáil leis an topaic i bhfócas. Ba é an príomhthopaic cheardlainne “Cur chuige maidir le déileáil le Tríú Páirtithe a ghníomhaíonn thar ceann Thomhaltóirí faoi Mhíchumas”. Thug soláthraithe seirbhíse agus ComReg a bhforléargas ar phróisis láimhseála tríú páirtí agus an dóigh a n-oibríonn rud i ngníomh. Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte cur i láthair i ndáil le tacadóirí cinnteoireachta tríú páirtí faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015. Rinne ComReg cur i láthair chomh maith maidir le Seirbhís Athsheachadóra Téacs na hÉireann (“ITRS”) agus idirghníomhaíocht le RGCS ar an bhFóram ar SCL le haghaidh úsáideoirí deiridh do dhaoine faoi mhíchumas.

Le ITRS aistrítear téacs ina ghuth agus guth ina théacs chun daoine atá Bodhar agus a bhfuil Moill Éistigh orthu agus a bhfuil deacrachtaí labhartha acu a éascú le glaonna a dhéanamh agus a ghlacadh, lena n-áirítear gléasanna móibíleacha a úsáid, i bPoblacht na hÉireann. Déantar glaonna a athsheachadadh trí ghníomhairí ITRS a dhéanann an t-aistriúchán seo. Tá an tseirbhís ITRS á feidhmiú ag eir a fhreastalaíonn ar chustaiméirí Three, eir, Tesco Mobile, Virgin Media, agus Vodafone agus tá sí maoinithe ag gach oibreoir díobh siúd.

5 Tá sé sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1971.

Tá suíomh gréasáin oifigiúil ann ina dtaifeadtar ITRS <https://www.itrs.ie>. Sheol ComReg ITRS go hoifigiúil i mí Lúnasa 2018, lena n-áirítear feachtas na meán, foilsiú **míre nuachta tomhaltóirí** ar shuíomh gréasáin ComReg, agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. D'fhoilsigh ComReg staitisticí maidir le glacadh agus úsáid ITRS i mí Mheán Fómhair 2018.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag ComReg ar oibleagáidí reatha maidir le Soláthraithe Seirbhísí, lena n-áirítear ITRS, lena chinntiú go mbeidh na bearta fós ábhartha agus chun comhionannas a chinntiú maidir le rochtain agus rochtain d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas. Féadfaidh ComReg dul i gcomhairle tuilleadh maidir le ceistanna ar bith atá le plé mar chuid dá athbhreithniú níos leithne agus i bhfianaise an Chóid Eorpaigh úir um Chumarsáid Leictreonach.

Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta

Taifead cuimsitheach is ea Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta (NDD) de shíntiúsóirí le seirbhísí teileafóin atá ar fáil go poiblí sa Stát nár dhiúltaigh a sonraí a thaifeadadh ann. Baineann dhá fheidhm leis an NDD, coinnítear sonraí liostaithe eolaire gach tomhaltóra ar mian leo bheith liostaithe chun críocha fiosruithe eolaire ann agus coinnítear sonraí gach tomhaltóra nár mian leo go ndéanfaí cuideachtaí margáíochta díri teagmháil leo ann.

Ar an 15 Deireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh ComReg Doiciméad Comhairliúcháin 18/91⁶ chun an gnóthas is oiriúnaí a chinneadh chun an NDD a bhainistiú agus a choimeád.

In mí na Nollag 2018, i ndiaidh an chomhairliúcháin phoiblí, i gCinneadh ComReg D16/18⁷ chinn ComReg gurb é Porting Access B.V. ("PortingXS")⁸ an gnóthas is oiriúnaí chun NDD a bhainistiú agus a choimeád ón 1 Iúil 2019 agus ar éag na "Tréimhse Aistrithe".⁹

I gCinneadh ComReg D03/19 chinn ComReg leanúint leis an oibleagáid ar Eir maidir leis an NDD a bhainistiú agus a choimeád go dtí an 30 Meitheamh 2019 agus le linn Tréimhse Aistrithe shínte ar bith arna sonrú ag ComReg. Ceapadh an cur chuige sin lena chinntiú go leanfar leis an NDD a choimeád agus go mbeidh sé fós ar fáil d'úsáideoirí deiridh go dtí go mbeidh na socruithe riachtanacha aistrithe ar fad agus aistriú NDD go PortingXS curtha i gcrích agus go mbeidh córas PortingXS lánfheidhmiúil agus ag oibriú.

Ar an 26 Meitheamh 2019, dhearbhaigh ComReg, i gcomhréir le halt 3.3 de ComReg D16/18 go gciallaíonn an "Tréimhse Aistrithe" a chomhaontú i scríbhinn don tsonraíocht oibriúcháin don NDD ("Sonraíocht Oibriúcháin").

D'iarr Eir agus PortingXS araon go gcuirfidh síneadh leis an Tréimhse Aistrithe go dtí Meán Fómhair 2019. Cheap ComReg go raibh síneadh leis an Tréimhse Aistrithe cuí chun aistriú réidh NDD ó Eir go PortingXS a chinntiú. Ar an 28 Meitheamh 2019, shín ComReg an Tréimhse Aistrithe go dtí an 2 Meán Fómhair 2019.

Seirbhísí Ardráta

I mí an Mheithimh 2019, i ndiaidh iarratais a fháil ón tionscal PRS, d'fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise inar léiríodh nuashonruithe ar a shaoráid ríomh-Cheadúnaithe PRS.

7 Doiciméad ComReg 18/108 D16/18 www.comreg.ie/publications

8 Cuideachta de chuid na hÍsiltíre is ea PortingXS" ar "gnóthas údaraithe" é de bhun Rialachán 4 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Líonraí nó Seirbhísí Cumarsáide

9 Foráiltear in D16/18 go gciallaíonn an "Tréimhse Aistrithe" an tréimhse ama a thosaíonn ar an dáta a dhearbhaíonn ComReg a chomhaontú i scríbhinn don tSonraíocht Oibriúcháin i gcomhréir le halt 3.3 den Ionstraim seo um Chinneadh agus a chríochnaíonn ar an 30 Meitheamh 2019 mura sonraíonn ComReg a mhalairt.

Ceapadh na nuashonruithe chun an tsaoráid ríomh-Cheadúnaithe PRS a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos áisiúla gan an oiread gá le leasuithe. Bhain na hathruithe le tréimhse ama do ComReg lena féin a shásamh gur cuireadh isteach an fhaisnéis ábhartha ar fad san iarratas ar cheadúnas sula ndéanfaidh sé é a eisiúint chuig an larratasóir Bunaidh agus fógra a chur chuig na páirtithe eile lena ról a ghlacadh nó a dhiúltú. Lena chois sin, le saoráid úr is féidir le soláthraithe ceadúnaithe tarraingt siar as ceadúnas PRS murar mian leo an PRS a sholáthar a thuilleadh. Tá sonraí iomlána maidir leis na próisis agus athruithe céim ar chéim foilsithe ar Threoir nuashonraithe ComReg um Chlár PRS.¹⁰

Teagmhálacha Tomhaltóirí do ComReg

Leanann ComReg le seirbhís láimhseála gearán ardchaighdeán a chur ar fáil do thomhaltóirí. Le linn na bliana, fuair Foireann Cúraim ComReg thart ar 79,000 teagmháil ó thomhaltóirí. Féadfaidh tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le Foireann Cúraim Tomhaltóirí ComReg ar na bealaí seo a leanas – teileafón, ríomhphost, foirm ar líne gearán, litir, comhrá gréasáin, SMS agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann. Freagraíodh 89.5% de na glaonna ar fad chuig Foireann Cúraim Tomhaltóirí ComReg laistigh de 20 soicind agus freagraíodh 99% de na teagmhálacha i scríbhinn laistigh de 24 uair an chloig.

Foilseachán Staitisticí Tomhaltóirí

Leanann ComReg le staitisticí ráithiúla a fhoilsiú i ndáil le ceisteanna arna n-ardú ag tomhaltóirí a rinne teagmháil lenár bhFoireann Cúraim Custaiméirí. Le linn na tréimhse mí Iúil 2018 go dtí mí an Mheithimh 2019 bhí thart ar 35,400 ceist a ndearna tomhaltóirí teagmháil linn fúthu.

Tá na ceisteanna sin roinnte idir ceisteanna maidir leis an tSeirbhís Cumarsáide Leictreach (SCL), ceisteanna an tSeirbhís Ardráta (SAR) agus gach cineál eile ceiste. Bhain thart ar 19,300 d'iomlán na gceisteanna ardaíodh le ceisteanna cumarsáide leictreonaí, agus bhaint thart ar 12,100 ceann eile le ceisteanna seirbhísí ardráta agus bhain an chuid eile díobh le ceisteanna nach raibh le haghaidh ComReg go príomha. As na ceisteanna ar fad a ardaíodh le ComReg le linn na tréimhse, b'ionann 14% díobh agus gearáin a luathaíodh thar ceann tomhaltóirí chuig na Soláthraithe Seirbhíse ábhartha do sheirbhísí SCL agus SAR araon.

Bhain formhór na gceisteanna SCL i sainchúram ComReg le billeáil, ceisteanna seirbhíse, cúrsaí conarthacha, agus inaistritheacht lasctha/uimhreach. Bhain formhór na gceisteanna SAR le cásanna inár shéan tomhaltóirí gur úsáid siad SAR nó i gcás gur chuir an tomhaltóir i gcoinne an mhuirir PRS lena mbaineann. Ba iad tomhaltóirí gnó a d'ardaigh 1,058 ceann de na ceisteanna san iomlán agus bhain siad go príomha le billeáil, ceisteanna seirbhíse agus cúrsaí conarthacha.

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Aithníonn ComReg go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go spreagfar cultúr um chomhlíonadh ionas go seasfaidh soláthraí seirbhísí tomhaltóirí le cearta na dtomhaltóirí. Tá comhlíonadh agus forfheidhmiú éifeachtúil tábhachtach chun é sin a bhaint amach.

10 www.comreg.ie/premium-rate

Maidir le ceart tomhaltóirí, déanann ComReg monatóireacht ar chomhlíonadh soláthraithe PRS agus SCL maidir leis na hoibleagáidí ábhartha lena n-áirítear Cód Cleachtais PRS, na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch¹¹ agus Cinntí gaolmhara ComReg¹², na Rialachán maidir le Fánaíocht¹³, agus na Rialacháin maidir le Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile¹⁴. Tá comhaontú comhair ag Coimisiún leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí (CCPC).

Maidir leis na Rialacháin leasaithe maidir le Fánaíocht, déanann ComReg monatóireacht go gníomhach ar an dóigh a bhfuil soláthraithe seirbhíse ag cur an chórais 'Fánaíocht ar Tháilli Baile' chun feidhme.

Cásanna agus Torthaí um Chomhlíonadh ComReg

In Iúil 2018, thuairiscigh ComReg gur éist Cúirte Dúiche Bhaile Átha Cliath ar an 25 Meitheamh 2018 cúig chás arna dtionscain ag ComReg in éadan Eir i ndáil le 10 gcúiseamh as táille mhícheart a ghearradh ar chustaiméirí as seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Ba é toradh an cháis: a) phléadail Eir ciontach as na 10 gcúiseamh a cuireadh ina éadan; b) d'fhorchuir an Breitheamh Brennan cionta coiriúla as gach ceann de na 10 gcúiseamh agus d'ordaigh sé ar Eir €23,500 san iomlán i bhfíneálacha a íoc; c) shonraigh Air go bhfuil sé ag obair go leanúnach

ar a bhaill foirne a uas-sciliú agus gur thug sé feabhsuithe próisis isteach le déanaí maidir le láimhseáil gearán; agus d) léirigh Eir go raibh aiféala air faoina sháruithe agus d'íoc sé suim chomhaontaithe le ComReg trí ranníocaíocht le costais dhlíthiúla ComReg.

Ar an 16 Iúil 2018, thug ComReg fógra do Three Ireland Services (Hutchison) Limited ("Three Services") maidir le neamhchomhlíonadh maidir lena oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Bhain an fógra le hoibleagáidí um trédhearcacht agus inrochtaineacht chonarthaigh arna gcuimsiú i Rialachán 14(1) agus 14(2)(d) agus, go sonrach, an mhainneachtain ar thaobh Three Services conradh a chur ar fáil do chustaiméirí inar sonraíodh méid a tháille dochair dhíriú ar theip air agus na cúinsí ina gcuirfí i bhfeidhm é i bhfoirm shoiléir, chuimsitheach agus éasca le rochtain.

Ar an 13 Meán Fómhair 2018, thuairiscigh ComReg gur íoc Sky Ireland Limited ("Sky") pionós le ComReg de €117,000 nuair a fuarthas in imscrúdú gur theip ar Sky idir mí Mheán Fómhair 2015 agus mí Mheán Fómhair 2018, conradh a chur ar fáil do 79,000 dá chuid custaiméirí ar mheán mharthanach, agus nár tugadh an ceart do 41,282 de na custaiméirí sin chun ré aithrí, rud a thagann salach ar Rialachán 10 agus 12 de na Rialacháin maidir le Faisnéis do Thomhaltóirí agus Cealú 2013. Ghearr ComReg an pionós seo i bhfoirm Fógraí Íocaíochta Seasta, de bhun Alt 85 den Acht um Chosaint Thomhaltóirí 2007. Ghlac Sky gur sháraigh sé Rialachán 2013 agus d'íoc sé an pionós iomlán. Cheangail ComReg ar Sky chomh maith bearta feabhsúcháin a dhéanamh faoi mar a leanas: a) cumarsáid a dhéanamh leis na custaiméirí dá chuid lena mbaineann duine le duine agus dearbhú a thabhairt dóibh maidir lena gconradh i bhfoirm mharthanach; b) a gceart a chur in iúl do na custaiméirí sin chun ré aithrí de 14 lá ón gcumarsáid a fháil ag tabhairt deis do na custaiméirí lena mbaineann a gconarthaí a chur ar ceal más

- 11 Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Sheirbhís Uilíoch agus um Chearta Úsáideoirí (Líonraí nó Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) 2011
- 12 I.R. 27/1995 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Thomhaltóirí), 1995 I.R. 336/2014 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Thomhaltóirí) (Leasú) 2014.
- 13 I.R. 228/2013 – An Rialachán (Fánaíocht Teileafón Móibíleach) maidir le Cumarsáid 2013 RIALACHÁN (AE) UIMH. 531/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE. I.R. 240/2017 – Rialacháin 2017 (Leasú) um Rialacháin (Fánaíocht Teileafón Móibíleach) maidir le Cumarsáid 2013
- 14 I.R. Uimh. 484/2013 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) (Leasú), 2013 I.R. Uimh. 250/2014 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) (Leasú) 2014

mian leo; c) ráiteas ceartaitheach a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin ag míniú an dóigh ar sháraigh sé Rialachán 2013; d) a léiriú chun sásaimh ComReg, le cruthúnas a deimhníodh go neamhspleách (agus atá indeimhnithe) agus cruthúnas doiciméadach iniúchta, go ndearna sé na bearta ceartaitheacha thuas go hiomlán; agus e) a dhearbhuí do ComReg gur chuir sé na bearta is gá i bhfeidhm lena chinntiú nach dtarlódh an rud céanna arís.

Ar an 28 Samhain 2018, thuairiscigh ComReg maidir le Three Ireland Services (Hutchison) Limited (“Three Services”) gur chum sé an tuairim nár chomhlíon Seirbhísí a oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Ó fhógra an neamhchomhlíonta maidir leis na cúrsaí sin ar an 16 Iúil 2018, shainaithint Three Services na custaiméirí lena mbaineann agus thionscain sé aisíocaíochtaí dar luach €405,719 ar an iomlán a bhain le custaiméirí uathúla ar gearradh an táille €12.50 orthu. Rinne Three Services an neamhchomhlíonadh a réiteach chomh maith agus chuir sé deireadh le táille a ghearradh ar chustaiméirí as táille a dhochair dhírigh ar theip air. Ag teacht ar an tuairim nach raibh a oibleagáidí á gcomhlíonadh ag Three Services maidir le Rialacháin 14(1) agus 14(2)(d) de na Rialacháin maidir leis an tSeirbhís Uilíoch, chinn ComReg, agus freagairt agus bearta leighis Three Services á gcur san áireamh aige, gan gníomh ar bith eile a dhéanamh maidir leis an gceist seo.

Ar an 11 Nollaig 2018, thug ComReg fógra do Yourtel Limited (“Yourtel”) go bhfuarthas neamhchomhlíonadh ag Yourtel maidir lena oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Bhain an neamhchomhlíonadh le ceanglais réamhfhógra arna bhforchur ar chustaiméirí áirithe Yourtel ar mian leo a gconarthaí a chur ar cheal agus le cleachtas gaolmhar Yourtel maidir le conarthaí custaiméirí a ‘thar-rolladh’ ar feadh tréimhse 12 mhí in éadan a dtola. Fuair ComReg gur fheidhmigh nósanna imeachta Yourtel maidir le foirceannadh conartha mar dhíspreagadh do na

custaiméirí lenár bhain a soláthraí seirbhíse a athrú agus a gconarthaí le Yourtel a chur ar ceal mar shárú ar Rialachán 25(6).

Ar an 6 Márta 2019, thug ComReg fógra do Eir maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le hoibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cinneadh D13/12 ComReg agus, maidir le Fógraí áirithe um Athrú Conartha, gur theip ar Eir cloí le Rialachán 14 (4) de na Rialacháin agus de Cinneadh D13/ ComReg. Theip ar Eir faisnéis iomlán a thabhairt i ndáil le mionathruithe conartha a bhí beartaithe sna Fógraí ábhartha um Athrú Conartha.

Ar an 19 Eanáir 2019, rinne ComReg iarratas leis an Ard-Chúirt ar ordú sriantach i ndáil le Yourtel a bheith ag gearradh táille ar chustaiméirí as seirbhísí nár sholáthair sé dóibh. Is sárú é muirearú dá leithéid ar Alt 45(1) (b) agus (c) den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (arna leasú) (“an tAcht”). Lorg ComReg an t-ordú sriantach toisc go raibh 89 ciontú aige roimhe sin as sárúithe ar A 45(1) den Acht agus chreid ComReg go raibh an fhoráil sin á sárú fós ag Yourtel. D’fhorchuir an Chúirt Dúiche ciontuithe roimhe sin de bhun ciontuithe arna dtionscain ag ComReg de bhun imscrúdú roimhe sin ar chleachtais bhilleála Yourtel. I mí Eanáir 2018 chuir ComReg tú le himscrúdú eile ar chleachtais bhilleála Yourtel agus cé acu an raibh nó nach raibh seirbhísí á soláthar ag Yourtel do chustaiméirí áirithe ar mhaígh sé gur raibh sé á muirearú. De bhun an imscrúduithe sin, agus ag baint úsáid as faisnéis a sholáthair Eir Limited, bhí ComReg sásta go raibh Alt 45(1) den Acht á shárú fós ag Yourtel trí tháille a ghearradh ar chustaiméirí áirithe dá chuid as seirbhísí i gcúinsí nach raibh Yourtel ag soláthar seirbhís ar bith i ndáiríre do na custaiméirí sin. Ar an 11 Feabhra 2019, d’ordaigh an Ard-Chúirt ar Yourtel deireadh a chur le halt 45 a shárú agus rinne sí ordú lena cuireadh srian ar Yourtel alt 45 a shárú arís amach anseo. Dheonaigh an Ard-Chúirt saoirse do ComReg chomh maith chun iarratas a dhéanamh leis an gcúirt arís chun na horduithe a fhorfheidhmiú i gcás go dteipfeadh

ar Yourtel cloí leo arís.

Ar an 1 Aibreán 2019, thuairiscigh ComReg gur tháinig sé ar Thuairim um Neamhchomhlíonadh nach raibh a oibleagáidí á gcomhlíonadh ag Meteor faoi Rialachán 14(1) agus R 14(2)(d) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Roimhe sin, ar an 26 Aibreán 2018, thug ComReg fógra do Meteor Mobile Communications Limited¹ ("Meteor") maidir le Neamhchomhlíonadh a Fháil maidir lena oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch a bhain leis an dóigh a raibh taraifí agus táillí a bhaineann le húsáid sonraí cuachta á gcur i láthair agus an dóigh ar ghearr Meteor ar chustaiméirí iad ina dhiaidh sin; agus thug sé fógra do Meteor go bhfuarthas, i ndáil le conarthaí, gur theip air cloí le Rialachán 14(1) agus Rialachán 14(2)(d) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Agus é tagtha ar an tuairim sin, féadfaidh ComReg leanúint ar aghaidh le hiarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ag lorg orduithe chun comhlíonadh Meteor maidir lena oibleagáidí agus orduithe as aisíocaíochtaí cuí de bhun Rialachán 31 de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Féadfaidh ComReg ordú a lorg chomh maith de bhun Rialachán 31 de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch le haghaidh fócaíocht pionóis airgeadais iomchuí.

Ar an 6 Meitheamh 2019, thug ComReg fógra do Pure Telecom Limited ("Pure") maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil lena oibleagáidí faoi na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cinneadh D13/12 ComReg maidir le Fógraí um Athrú Conartha, a eisíodh de bhun Rialachán 14(5) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Bhain an neamhchomhlíonadh le Fógra um Athrú Conartha a eisíodh chuig custaiméirí Pure, nár chomhlíon Rialachán 14(4) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch agus Cinneadh D13/12 ComReg; agus bhain sé, i measc nithe eile, le formáid agus ábhair Fógraí um Athrú Conartha lena n-áirítear ábhar margaíochta a chur iontu go míchuí.

Ar an 13 Meitheamh 2019, thug ComReg fógra do Eir go bhfuarthas nach raibh Eir ag comhlíonadh a oibleagáidí faoi Chinneadh D03/17 ComReg, arna fhorchur de bhun Rialachán 3 agus 10(5) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Rinne ComReg monatóireacht agus measúnú ar chomhlíonadh Eir maidir leis na spriocanna feidhmíochta atá leagtha amach i gCinneadh D03/17 ComReg le haghaidh 2017 agus fuair sé nár chomhlíon Eir a oibleagáidí maidir leis na spriocanna bliantúla um fheidhmíocht cáilíochta seirbhíse arna leagan amach i gCinneadh D03/17 ComReg le haghaidh 2017 a bhaint amach agus nár chomhlíonadh sé iad.

Ar an 13 Meitheamh 2019, thug ComReg fógra do Eir go bhfuarthas nach raibh Eir ag comhlíonadh a oibleagáidí faoi Chinneadh D03/17 ComReg, arna fhorchur de bhun Rialachán 3 agus 10(5) de na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch. Rinne ComReg monatóireacht agus measúnú ar chomhlíonadh Eir maidir leis na spriocanna feidhmíochta atá leagtha amach i gCinneadh D03/17 ComReg le haghaidh 2018 agus fuair sé nár chomhlíonadh Eir a oibleagáidí maidir leis na spriocanna bliantúla um fheidhmíocht cáilíochta seirbhíse arna leagan amach i gCinneadh D03/17 ComReg le haghaidh 2018 a bhaint amach agus nár chomhlíonadh sé iad.

SEIRBHÍS FREAGARTHA GLAONNA ÉIGEANDÁLA



Tá freagracht reachtúil ag ComReg as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht seirbhíse sholáthraí na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) agus as athbhreithniú a dhéanamh ar an Táille Láimhseála Glaonna (CHF) a d'fhéadfadh an soláthraí ECAS a ghearradh.

I mí Eanáir 2018, chinn ComReg, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na costais a thabhaigh an soláthraí ECAS an CHF uasta a shocrú ag €3.07 in aghaidh an ghlaio ón 12 Feabhra 2018. Bhí an CHF seo fós i bhfeidhm go dtí an 28 Feabhra 2019. Ón 1 Márta 2019 ba é €3.93 an CHF infheidhme de réir conradh úr maidir le soláthar an ECAS a comhaontaíodh idir an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an soláthraí seirbhíse ar an 12 Feabhra 2018. Agus dáta an chonartha úir á chur san áireamh, agus de bhun Alt 58D den Acht um Rialáil Cumarsáide, ní raibh sé de cheangal ar ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar an CHF in 2018-19.

Ní ghearrtar táille ar an gcustaiméir as glaonna 999 nó 112 toisc go n-íocann an líonraí teileachumarsáide an costas sin.

SEIRBHÍS UILÍOCH MAIDIR LE CUMARSÁID LEICTREONACH



Is é gné lárnach dár gcuid oibre ar chosaint tomhaltóirí a chinntiú go bhfuil seirbhís cumarsáide leictreonaí ar fáil.

I mí Iúil 2016, i ndiaidh sraith comhairliúchán poiblí, ainmníodh Eir mar an Soláthraí Seirbhíse Uilíche (SSU), i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonra agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) 2011, chun Rochtain a sholáthar ag a Shuíomh Fosaithe ar feadh cúig bliana go dtí an 30 Meitheamh 2021 (D05/16).¹⁵ Le D05/16 rinneadh cinneadh maidir le Cáilíocht Seirbhíse a chur siar ag feitheamh ar é a bhreithniú tuilleadh.

I mí Feabhra 2017, thug ComReg spriocanna “infhaighteachta cáilíochta” isteach lena gcuirtear le chéile an dá mheadaracht roimhe seo maidir le tarlú lochtanna agus deisiú lochtanna. Tá na spriocanna sonraithe i gcomhthéacs “uasbhreiseadh laethanta oibre in aghaidh na líne” in ionad luach “céatadáin” (D03/17)¹⁶ ar spriocanna bliantúla iad ar bhonn náisiúnta (uasbhreiseadh 0.237 lá oibre in aghaidh na líne (99.935%)) agus ar bhonn fonáisiúnta (uasbhreiseadh 0.607 lá oibre in aghaidh na líne (99.834%)).

Oibleagáid Seirbhíse Uilíche

D’fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise (Doiciméad ComReg 18/62) inár léiríodh feidhmíocht OSU Eir do gach tréimhse ráithiúil in 2017 agus an fheidhmíocht le haghaidh 2017. D’fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise (Doiciméad ComReg 18/71) chomh maith inár léirítear feidhmíocht OSU Eir don chéad tréimhse ráithiúil in 2018.

¹⁵ Doiciméad ComReg 16/65 D05/16 www.comreg.ie/publications

¹⁶ Doiciméad ComReg 17/10 D03/17 www.comreg.ie/publications

Costas an OSU - Iarratais ar Mhaoiniú OSU 2010-2015

In 2011, d'éisigh ComReg Cinneadh (Doiciméad ComReg D04/11) maidir leis na prionsabail agus na modheolaíochtaí chun an glanchostas a bhaineann le soláthar na seirbhíse uilíche a shocrú. Leis an gcinneadh seo cuireadh an bonn ar fáil faoina ríomhtar an glanchostas a bhaineann leis an tseirbhís uilíoch a sholáthar agus cuideoidh sé le ComReg a chinneadh an bhfuil an glanchostas, más ann dó, ina ualach éagóir ar an soláthraí seirbhíse uilíche.

Chuir ComReg tús le próiseas comhairliúcháin (i R4 2017) maidir le measúnú ar iarratais eir ar mhaoiniú le haghaidh na dtréimhsí 2010-2011, 2011-2012, 2012-2013, 2013-2014, agus 2014-2015, a chuir eir isteach arís idir Meán Fómhair 2014 agus Márta 2017.¹⁷

Ar an 18 Aibreán 2019, i ndiaidh na measúnuithe ar na harratais a fuarthas ó Eir, d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ("ComReg") Cinntí ComReg:

- D05/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Eir ar Mhaoiniú na Seirbhíse Uilíche 2010-2011 maidir leis an nglanchostas agus an ualach éagóir don tréimhse 2010-2011"
- D06/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Eir ar Mhaoiniú na Seirbhíse Uilíche 2011-2012 maidir leis an nglanchostas agus an ualach éagóir don tréimhse 2011-2012"
- D07/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Eir ar Mhaoiniú na Seirbhíse Uilíche 2012-2013 maidir leis an nglanchostas agus an ualach éagóir don tréimhse 2012-2013"
- D08/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Eir ar Mhaoiniú na Seirbhíse Uilíche 2013-2014 maidir leis an nglanchostas agus an ualach éagóir don tréimhse 2013-2014"
- D09/19 "Measúnú ar Mheasúnú Iarratas Eir ar Mhaoiniú na Seirbhíse Uilíche 2014-2015 maidir leis an nglanchostas agus an ualach éagóir don tréimhse 2014-2015"

Le Cinneadh D05/19 ComReg cinneadh don bhliain 2010-2011 go raibh glanchostas dearfach ann de €7.5 milliún i ndáil le soláthar eir maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagóir ar eir.

Le Cinneadh D06/19 ComReg cinneadh don bhliain 2011-2012 go raibh glanchostas dearfach ann de €6.7 milliún i ndáil le soláthar eir maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagóir ar eir.

Le Cinneadh D07/19 ComReg cinneadh don bhliain 2012-2013 go raibh glanchostas dearfach ann de €7.7 milliún i ndáil le soláthar eir maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagóir ar eir.

Le Cinneadh D08/19 ComReg cinneadh don bhliain 2013-2014 go raibh glanchostas dearfach ann de €9.5 milliún i ndáil le soláthar eir maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagóir ar eir.

Le Cinneadh D09/19 ComReg cinneadh don bhliain 2014-2015 go raibh glanchostas dearfach ann de €11.5 milliún i ndáil le soláthar eir maidir leis an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche agus nach ionann an glanchostas dearfach seo agus ualach éagóir ar eir.

Ar an 15 Bealtaine 2019, rinne Eir achomharc chun na hArd-Chúirte i gcoinne Chinntí D05/19; D06/19; D07/19; D08/19 ComReg; agus D09/19 ComReg.

Cosnóidh ComReg na himeachtaí a thionscain Eir ina éadan go hiomlán.

¹⁷ Doiciméad ComReg 16/68 www.comreg.ie/publications

RIALACHÁN POIST



Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg soláthar seirbhíse uilíche poist a chinntiú a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí na seirbhíse poist agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh soláthraithe seirbhíse poist maidir leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu agus comhlíonadh a chinntiú.

Is iad seo a leanas cuspóirí reachtúla ComReg:

- forbairt earnáil an phoist agus, go sonrach, infhaighteacht na seirbhíse uilíche laistigh den Stát, chuig an Stát agus ón Stát ar phraghas réasúnta chun tairbhe gach úsáideora a chur chun cinn;
- leasanna úsáideoirí na seirbhíse poist a chur chun cinn;
- éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt na hiomaíochta agus na nuálaíochta sa mhargadh le haghaidh sholáthar na seirbhíse poist.

Leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist), 2011 ainmníodh An Post mar an soláthraí seirbhíse uilíche poist (SSU) go dtí 2023, faoi réir athbhreithniú ag ComReg i ndiaidh an 1 Lúnasa 2018. Áirítear ar fheidhmeanna sonracha de chuig ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh SSU maidir le teoracha arna n-eisiúint ag ComReg.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe 2018 – 2019, thug ComReg aghaidh ar na réimsí seo a leanas:

Athbhreithniú ar an tsonraíocht maidir leis an seirbhís uilíoch poist

Le hAlt 16 d'Acht 2011 leagtar amach cur síos ginearálta ar an "tseirbhís uilíoch poist" nach mór don "soláthraí seirbhíse uilíche poist" a sholáthar. Ceanglaítear le halt 16(9) ar ComReg "rialacháin a dhéanamh ina sonrófar na seirbhísí atá le cur ar fáil ag soláthraí seirbhíse uilíche poist i ndáil le seirbhís uilíoch poist a sholáthar". In 2012 shocraigh ComReg sonraíocht na seirbhíse uilíche poist i Rialacháin na Rialála Cumarsáide (Seirbhís Uilíoch Poist) 2012 (I.R. 280 de 2012). Agus na Rialacháin sin á ndéanamh aige, shonraigh ComReg sraith íosta seirbhísí uilíocha poist a fhreastalaíonn ar riachtanais úsáideoirí na seirbhíse poist, agus lena gcuirtear teorainn leis an ualach rialála ar An Post mar an soláthraí seirbhíse uilíche. In 2018 rinne ComReg athbhreithniú ar shonraíocht na seirbhíse uilíche poist agus i ndiaidh líon comhairliúcháin phoiblí chinn ComReg leasú a dhéanamh ar na Rialacháin chun uas-ualach na bunseirbhíse beartán sa tseirbhís uilíoch poist a laghdú ó 20 kg go 10 kg agus leasú a dhéanamh ar shonraíocht na seirbhíse uilíche poist maidir leis na bulc-sheirbhísí poist baile áirithe chun na híoscheanglais maidir le leas a bhaint as na bulc-sheirbhísí poist sin a leagan síos ar bhealach níos mionsonraithe, chun tairbhe Fiontar Beaga agus Meánmhéide.

Athbhreithniú ar Ainmniú an tSoláthraí Seirbhíse Uilíche

Tá An Post ainmnithe mar an soláthraí seirbhíse uilíche poist go dtí 2023, faoi réir athbhreithniú ag ComReg i ndiaidh an 1 Lúnasa 2018 le hAcht 2011. Sula ndéanfar an t-athbhreithniú seo ar ainmniú SSU ceanglaítear ar ComReg nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ar dtús chun na hathbhreithnithe sin a dhéanamh agus chun cinntí a dhéanamh maidir le hainmniúcháin SSU.

Dá réir sin, chuir ComReg, i ndiaidh comhairliúcháin poiblí, na Nósanna Imeachta um SSU sin i bhfeidhm (Doiciméad ComReg 19/64a) chun an t-athbhreithniú a cheanglaítear le hAcht 2011 a dhéanamh.

Cáilíocht na Seirbhíse

Ceann de chuspóirí bunúsacha na dTreoracha Eorpacha maidir leis an bPost ná feabhsuithe a chur ar cháilíocht na seirbhíse don tseirbhís uilíoch poist agus tá sé d'oibleagáid ar ComReg de réir an dlí sprioc cáilíochta seirbhíse a leagan síos don SSU maidir lena sholáthar seirbhíse uilíche poist.

Thug ComReg treoir don SSU caighdeán seachadta an chéad lae eile de 94% a bhaint amach le haghaidh post tosaíochta aonta arna sheachadadh laistigh den Stát. Déanann ComReg monatóireacht ar fheidhmíocht An Post i gcoinne an chaighdeáin sin de 94%, i gcomhréir le CEN, leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, agus le caighdeán idirnáisiúnta tomhais, agus foilsíonn ComReg tuarascálacha maidir le feidhmíocht bhliantúil ar a shuíomh gréasáin. Thug ComReg monatóireacht neamhspleách ar cháilíocht na seirbhíse uilíche poist isteach ar dtús in 2003 agus ag an am sin ní raibh ach 71% go díreach de phost tosaíochta aonta á sheachadadh ar an gcéad lá oibre eile.

Foilsíodh an tuarascáil maidir le feidhmíocht bhliantúil don bhliain féilire 2018¹⁸ i mí an Mheithimh 2019 agus cuimsíodh na príomhthorthaí seo a leanas inti:

- Sheachaid An Post 89% de phost tosaíochta aonta an chéad lae oibre eile i ndiaidh an lá ar cuireadh sa phost é ar fud an Stáit. Tá an toradh seo 5% faoin gcaighdeán rialála 94% agus is laghdú 1% é ar thoradh 2017. Is é seo an dara bliain as a chéile ar tháinig laghdú ar cháilíocht na seirbhíse uilíche poist;
- Sheachaid An Post 99.0% de phost tosaíochta aonta laistigh de thrí lá oibre i ndiaidh an lá ar cuireadh sa phost é, beagáinín os cionn thoradh 2017 (98.9%) agus faoin gcaighdeán rialála 99.5%.

18 Doiciméad ComReg 19/73 www.comreg.ie/publications

Chomh maith leis an bhfeidhmíocht bhliantúil i gcoinne na gcaighdeán rialála arna leagan amach thuas, sonraíodh na príomhthorthaí seo a leanas sa tuarascáil seo chomh maith:

- Tháinig laghdú suntasach 9% ar fheidhmíocht pacáistí in 2018, laghdú go 79% agus bhí sé 12% faoi bhun na feidhmíochta le haghaidh Litreacha Caighdeánacha (90%) agus 9% faoi bhun Clúdaigh Litreach Mhóra (88%) le linn bhliain féilire iomlán 2018.
- Sa tréimhse ó mhí Eanáir 2018 go mí na Samhna 2018 (gan mí na Nollag san áireamh), sheachaid An Post 91% de phost tosaíochta aonta an ar gcéad lá oibre eile, rud a bhí 1% faoi bhun thoradh 2017 don tréimhse seo chomh maith.
- In mí na Nollag 2018, tháinig laghdú 2% eile ar fheidhmíocht fhoriomlán sheachadadh an chéad lae eile go 71% a bhain go príomha le drochfheidhmíocht (59%) an phoist a cuireadh sa phost Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath lena sheachadadh i gContae Bhaile Átha Cliath. Tá laghdú 6% tagtha ar fheidhmíocht mhí na Nollag ó bhí 2016 ann.

Laghdaigh feidhmíocht Bhaile Átha Cliath tuilleadh faoi mar a leanas:

- Le haghaidh bhliain féilire iomlán 2018, tháinig laghdú 1% ar an bhfeidhmíocht go dtí 88% le haghaidh post a cuireadh sa phost i gContae Bhaile Átha Cliath go dtí Áit ar bith sa Stát agus tháinig laghdú 2% ar an bpost a cuireadh sa phost i gContae Bhaile Átha Cliath lena sheachadadh i gContae Bhaile Átha Cliath go dtí 88% i gcomparáid le 2017;
- Tháinig laghdú 3% ar fheidhmíocht an phoist a cuireadh sa phost Lasmuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath lena sheachadadh i gContae Bhaile Átha Cliath go dtí 87% le haghaidh bhliain féilire iomlán 2018 i gcomparáid le 2017; Is cosúil go raibh sé sin mar thoradh go príomha ar laghdú suntasach 12% don sreabhadh poist seo síos go dtí 59% le linn mhí na Nollag 2018 i gcomparáid le 2017.

Díospóidí úsáideoirí na seirbhíse poist – réiteach neamhspleách díospóidí

Le hAlt 43(3) d'Acht 2011 tugtar cumhacht dhiscréideach do ComReg, nó do cheapaí de chuid ComReg, díospóidí úsáideoirí na seirbhíse poist a réiteach nár réitíodh fós i ndiaidh na nósanna imeachta ar fad maidir le cód cleachtais soláthraí seirbhíse poist a chur i gcrích. Le linn na bliana, fuair ComReg fiche iarratas ó úsáideoirí na seirbhíse poist ar réiteach neamhspleách díospóide.

Athbhreithniú ar Aisghairm na Caidhpe Praghais

Ceanglaítear leis an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2017 ("an tAcht um Aisghairm") ar ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar iarmhairtí ar bith maidir le haisghairm na caidhpe praghais. Cuireadh tús leis an athbhreithniú le linn na bliana. Faoi mar a cheanglaítear leis an Acht um Aisghairm soláthrófar tuarascáil don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoin 21 Meán Fómhair 2019 ar a dhéanaí. Leagtar síos san Acht um Aisghairm go gcuirfidh an tAire an tuarascáil seo faoi bhráid dhá theach an Oireachtais ansin a luaithis indéanta i ndiaidh do ComReg í a thabhairt don Aire.

Sonraíodh san Acht um Aisghairm chomh maith go bhféadfadh ComReg comhairliúchán poiblí roghnach a dhéanamh chun tuairimí a iarraidh ó pháirtithe ar suim leo an scéal maidir leis na hiarmhairtí i ndiaidh aisghairm na caidhpe praghais.

Le Comhairliúchán poiblí Dhoiciméad Uimh. 19/43, a eisíodh an 16 Bealtaine 2019, lorg ComReg tuairimí ó pháirtithe ar suim leo an scéal maidir leis na hiarmhairtí i ndiaidh aisghairm na caidhpe praghais. Thug ComReg a ghnáth-thréimhse comhairliúcháin de 28 lá chun freagairtí ar Chomhairliúchán 19/43 a éascú.

D'fhoilsigh ComReg an fhreagairt ar an gcomhairliúchán, Doiciméad Uimh. 19/62, a eisíodh ar an 21 Meitheamh 2019 agus chomhlíon sé an teorainn 42 lá ar an gcomhairliúchán roghnach arna leagan síos leis an Acht um Aisghairm. Breithneofar na freagairtí a fuarthas ar na gcomhairliúcháin poiblí sa tuarascáil don Aire.

Rialú beartán trasteorann

Faoi Rialachán (AE) 2018/644 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le seirbhísí seachadta beartán trasteorann, cuirtear oibleagáid ar roinnt “soláthraithe seirbhíse seachadta beartán” faisnéis áirithe a chur ar fáil do ComReg a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach ansin. Is é seo an chéad bhliain den Rialachán. Dá bhrí sin, d’eisigh ComReg Fógra Faisnéise agus chuir sé faisnéis ar a shuíomh gréasáin chun “soláthraithe seirbhíse seachadta beartán” a chur ar an eolas faoin rialachán seo. Faoi mar a cheanglaítear leis an rialachán, chuir ComReg an fhaisnéis a fuair sé ó na “soláthraithe seirbhíse seachadta beartán” chuig an gCoimisiún Eorpach. Faoi mar a cheanglaítear leis an rialachán, rinne ComReg measúnú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil taraifí beartán aonta trasteorann An Post (mar an SSU ainmnithe) ró-ard agus chuir sé an measúnú sin isteach chuig an gCoimisiún Eorpach.

BAINISTÍOCHT AR AN SPEICTREAM RAIDIÓ



Meán is ea an speictream raidió trínar féidir faisnéis a tharchur gan sreang thar fhaid ó chúpla méadar go dtí na mílte ciliméadair. Is acmhainn náisiúnta luachmhar é lena gcuirtear bonn taca faoi ghníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta agus cumarsáide. Áirítear orthu sin seirbhísí a úsáidtear go forleathan, amhail cumarsáid agus leathanbhanda móibíleach/fosaithe gan sreang, craoladh raidió agus teilifíse, agus oibriú sábháilte aeriompair agus iompair mhuirí.

Cuidíonn úsáid an speictrim raidió le fás eacnamaíoch a sholáthar agus tacaíonn sé leis an iliomad post inár ngeilleagar nua-aimseartha agus tá sé riachtanach maidir le cumarsáid mhóibíleach agus glacadh gan sreang seirbhísí craolacháin a sholáthar. Tá ról tábhachtach ag earnáil na teileachumarsáide gan sreang i ngeilleagar na hÉireann agus is ionann é agus thart ar 17, 000 post coibhéise lánaimseartha, €4 bhilliún d'Oll-bhreisluch agus ranníocaíocht iomlán mheasta de ghníomhaíochtaí a bhraitheann ar an speictream dar luach €6.2 billiún – arb ionann é sin agus 3.5% d'Oll-ioncam Náisiúnta na hÉireann.

Tá an speictream raidió riachtanach i ngnáth-oibríocht laethúil na seirbhísí éigeandála agus na bhfórsaí cosanta chomh maith agus tá sé ina ionchur ríthábhachtach ina lán seirbhísí eile lena n-áirítear feidhmchláir, amhail réamhaisnéisiú na haimsire agus monatóireacht ar thimpeallacht na Cruinne. Mar sin féin, is acmhainn nádúrtha chríochna é lena bhfuil úsáidí agus úsáideoirí iomaíocha agus mar sin ní mór é a bhainistiú go héifeachtach agus a úsáid go héifeachtúil.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, cuireadh roinnt príomhthionscadail bainistíochta speictrim i gcrích nuair a cuireadh tús leo mar atá léirithe thíos.

Ráiteas Straitéise Nuashonraithe maidir le Bainistíocht ar an Speictream Raidió

Chun cuidiú le ComReg bainistíocht a dhéanamh ar an speictream raidió, déanann ComReg a straitéis a leagan amach agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta. Cuireadh Ráiteas Straitéise ComReg maidir le Bainistíocht an Speictrim 2016 go 2018 (Doiciméad 16/50) ("Ráiteas Straitéise 2016-2018") i gcrích in 2016 agus leagadh amach ann, i measc nithe eile, tosaíochtaí a phlean oibre le haghaidh na tréimhse dhá bhliain dar críoch tréimhse athbhreithnithe na tuarascála bliantúla seo a dhéanamh.

I mí Lúnasa 2018 d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán¹⁹ ina ndearnadh, i measc nithe eile, athbhreithniú ar an tréimhse straitéise roimhe sin (2016 go 2018) agus leagadh amach ann a dhréachtphean oibre um speictream raidió le haghaidh na tréimhse 2019 go 2021, ag teacht le Ráiteas Straitéise reatha SCL ComReg chomh maith.²⁰

Thug dhá pháirtí déag ar suim leo an scéal freagra ar an gcomhairliúchan agus i ndiaidh é a bhreithniú go cúramach, mar aon le faisnéis ábhartha eile, d'fhoilsigh ComReg freagairt ar dhoiciméad comhairliúcháin²¹ ina leagtar amach measúnú ComReg ar na cúrsaí a ardaíodh chomh le tuairimí maidir leo.

Leis na freagairtí sin cuireadh bonn eolas faoi Ráiteas Straitéis deiridh maidir le Bainistíocht ar an Speictream Raidió²² le haghaidh na tréimhse 2019 go 2021, ina leagtar amach plean oibre agus tosaíochtaí ComReg don chéad dhá bhliain amach romhainn i ndáil le ról ComReg mar bhainisteoir speictrim na hÉireann agus comhlánaítear leis Ráiteas Straitéise ComReg maidir le Cumarsáid Leictreonach.

An banda 3.6 GHz – obair aistrithe

Roimh Dhámhachtain Speictrim 2017, bhí an banda 3.6 GHz á úsáid le seirbhísí leathanbhanda gan sreang a chur ar fáil (agus seirbhísí fóin i roinnt cásanna) do 21,665 custaiméir reatha, i gceantair thuaithe den chuid is mó. Sna ceantair sin d'fhéadfadh sé gurbh iad na hoibreoirí reatha an t-aon soláthraí seirbhísí leathanbhanda a bhí ar fáil do thithe agus do scoileanna.

Chun seirbhísí leanúnacha a chinntiú do na custaiméirí reatha sin a bhí i mbaol a seirbhís a chailleadh agus Tairgeoirí Buaiteacha ag ullmhú dá seirbhísí a imscaradh (e.g. trialacha), d'fhorbair ComReg creat ceadúnaithe Aistrithe dá ndeachaigh sé i gcomhairle go fairsing le páirtithe ar suim leo cúrsaí agus a cuireadh chun feidhme trí bhíthin rialacha na Dámhachtana, ar chomhaontaigh na rannpháirtithe ar fad sa Dámhachtain go mbeadh siad faoina gceangal. Tá na rialacha sin cuimsithe sa Mheabhrán Tuisceana maidir le Dámhachtain Speictrim an Bhand 3.6 GHz (Doiciméad 16/71).

19 ComReg 18/74, Straitéis Bheartaithe maidir le Bainistíocht ar an Speictream Raidió - 2019 go 2021 Comhairliúchán maidir le Ráiteas Straitéise úr ComReg maidir le Bainistíocht ar an Speictream Raidió, foilsithe an 3 Lúnasa 2018.

20 Tá ráiteas straitéise ComReg maidir le SCL ar fáil ag: <https://www.comreg.ie/publication/electronic-communications-strategy-statement-2017-2019-summary/>

21 ComReg 18/117, Freagairt ar an gcomhairliúchán ar dhréacht-Ráiteas Straitéise maidir le Bainistíocht ar an Speictream Raidió le haghaidh 2019 go 2021, foilsithe an 20 Nollaig 2018

22 ComReg 18/118, an Ráiteas Straitéise maidir le Bainistíocht ar an Speictream Raidió 2019 go 2021, foilsithe an 20 Nollaig 2018

Go bunúsach, leis an gcreat ceadúnaithe Aistrithe ceadaítear d'oibreoirí reatha leanúint le seirbhísí a sholáthar dá gcustaiméirí go dtí go mbeidh na Tairgeoirí Buaiteacha réidh le seirbhísí tráchtála a chur i bhfeidhm de réir a chéile. Is féidir na prionsabail lena gcuirtear taca faoin gcreat seo a achoimriú faoi mar a leanas:

- an baol go dtarlódh cur isteach ar na seirbhísí reatha do thomhaltóirí a íoslaghdú;
- ceadúnais léirscaoilte a thabhairt isteach a luaithe is féidir gan moill gan ghá a chur ar sheachadadh seirbhísí léirscaoilte amach anseo;
- tairbhí d'úsáideoirí deiridh a uasmhéadú; agus
- úsáid éifeachtach as an speictream le linn na tréimhse Aistrithe a chinntiú.

Tá ComReg i dteagmháil leis na Tairgeoirí Buaiteacha agus le hoibreoirí reatha chun Pleananna Aistrithe cuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, pleananna atá curtha chun cinn agus atá curtha in ord tosaíochta i gcás go bhfuil pleananna atá sách forbartha ag Tairgeoirí Buaiteacha chun seirbhísí úra a chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn suntasach déanta in aistriú ordúil an Bhandha 3.6 GHz agus leis an dul chun cinn seo éascaíodh tosach, go méideanna éagsúla, ceart speictrim do gach ceadúnaí úra den Bhandha 3.6 GHz²³.

I dtreo dhámhachtain an bhanda 400 MHz

Agus an tsuim sa bhanda seo á tabhairt faoi deara, mheas ComReg go raibh dóthain údair ann chun dámhachtain bheartaithe chearta úsáide an speictrim sa bhanda 400 MHz a fhorbairt tuilleadh.

Dá réir sin, i mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhoilsigh ComReg an dara comhairliúchán²⁴ maidir le heisiúint bheartaithe an bhanda 400 MHz chun go leagfaí síos tograí breise agus tuairimí ComReg maidir leis an bpróiseas beartaithe le haghaidh chearta úsáide an speictrim sa bhanda seo, agus na coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ceangailte le ceadúnais ar bith amach anseo.

Thug ocht bpáirtí ar suim leo cúrsaí freagairt ar an gcomhairliúchán seo agus rinneadh freagairt ina dhiaidh sin ar an gcomhairliúchán agus ar an dréachtchinneadh²⁵ a fhoilsiú i mí an Mhárta 2019. Sa freagairt seo ar an gcomhairliúchán agus ar an dréachtchinneadh leagadh amach freagairt ComReg ar aighneachtaí a fuarthas chomh maith lena nDréachtchinneadh ar fhormáid na dámhachtana, táillí an speictrim agus coinníollacha ceadúnais le haghaidh chearta úra úsáide an speictrim sa bhanda atá i gceist, le haghaidh comhairliúcháin.

In mhí an Mheithimh 2019 d'fhoilsigh ComReg a fhreagairt²⁶ ar an ionchur uile a fuarthas maidir leis an Dréachtchinneadh chomh maith lena Chinneadh deiridh. Go hachomair, chinn ComReg an speictream seo a dhámhachtain trí dhá Cheant sheicheamhacha an Chloig Shimplí ("SCA") le tairiscintí scoir agus rialacha dúnta teagmhálacha i gcás go gcuirfear an speictream ar fáil faoi mar a leanas:

- Cuirfear 410 – 413 MHz / 420 – 423 MHz ("Cuid A") ar fáil d'Oibreoirí Fóntas Líonra le haghaidh soláthar nascachta gan sreang i gcomhair Eangach Chliste; agus
- Cuirfear 413 – 414 MHz / 423 – 424 MHz ("Cuid B") ar fáil do pháirtí ar bith is suim leo é ar bhonn neodrach ó thaobh seirbhíse agus teicneolaíochta.

²³ Féach www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-awards/3-6-ghz-band-transition/ chun tuilleadh eolais a fháil

²⁴ ComReg 18/92, Comhairliúchán eile maidir le hEisiúint an Fho-bhanda 410 – 415.5 / 420 – 425.5 MHz, foilsithe an 24 Deireadh Fómhair 2018.

²⁵ ComReg 19/23, Freagairt ar an gComhairliúchán agus ar an Dréacht-Chinneadh maidir le hEisiúint an Fho-bhanda 400 MHz, foilsithe ar an 15 Márta 2019.

²⁶ ComReg 19/69, Freagairt ar an gComhairliúchán agus ar an Dréacht-Chinneadh maidir le Dámhachtain Speictrim an Bhandha 400 MHz, foilsithe ar an 28 Márta 2019.

Ardchórais seachadta is ea Eangacha Cliste le haghaidh seirbhísí fóntas (leictreachas, gás agus uisce) ó fhoinsí giniúna agus táirgthe do phríomhghnéithe sna líonraí eangaí agus áirítear leo an mhaoirseacht agus an smacht ar fad is gá chun iad a bhainistiú ar bhealach éifeachtach.

Níor cheart é seo a mheascadh le méadrú cliste, ina gcuimsítear gléasanna atá suite ag áitribh lena dtaifeadtar úsáid fuinnimh, uisce agus gáis agus lena soláthraítear cumarsáid leictreonach dhá bhealach idir tomhaltóirí agus an eangach.

Tugann ComReg faoi deara go bhfuil Eangacha Cliste ina bpríomh-chomhpháirt d'iarrachtaí an rialtais freastal ar an éileamh ar fhuinneamh ar bhealach slán cost-éifeachtúil agus an tionchar ar an gcomhshaol á laghdú (lena n-áirítear astaíochtaí carbóin). D'fhéadfadh laghduithe suntasacha ar an úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí carbóin a bheith mar thoradh ar Eangach Chliste náisiúnta agus d'fhéadfadh clár fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta a bheith níos inacmhainne agus níos inrochtana mar thoradh air sin.

Sa chéad tréimhse athbhreithnithe eile déanfaidh ComReg athbhreithniú ar gach aighneacht agus gach ábhar ábhartha eile a gheofar mar fhreagairt ar an Dréacht-Mheabhrán Faisnéise agus na Dréacht-Rialacháin²⁷, foilseoidh²⁸ sé leagan deiridh den Mheabhrán Faisnéise agus de na Rialacháin de réir mar is cuí agus déanfaidh sé an dámhachtain é féin.

Nascacht in Éirinn

Chun cuidiú le ComReg ina bhforbairt de thograí dámhachtana dá dhámhachtain speictrim atá ag teacht maidir le leathanbhanda gan sreang, agus go sonrach, a bhreithniú ar oibleagáidí clúdaigh chuí, choimisiúnaigh ComReg trí staidéar chun comhairle a chur ar fáil maidir le roinnt de na dúshláin, réitigh an gníomhaíochtaí maidir le feabhas ar chur ar an nascacht in Éirinn.

I mí na Samhna 2018, d'fhoilsigh ComReg torthaí na staidéar sin ar nascacht inar breithníodh an dóigh is fearr le freastal ar riachtanais nascachta tomhaltóirí²⁹, ag measúnú costas líonraí nascachta móibílí amach anseo³⁰ agus na himpleachtaí maidir leis na dámhachtainí speictrim agus oibleagáidí clúdaigh³¹. Lena chois sin, d'fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise ina ndéantar achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí agus na príomh-mholtaí sna staidéir sin³².

Ba shuntasáí an méid seo a leanas sa staidéar:

- Tuigtear nascacht (fosaithe agus gan sreang araon) mar chumas úsáideoirí agus a ngléasanna ceangal lena chéile agus cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus lena líonraí. D'fhéadfadh sé sin bheith i bhfoirmeacha éagsúla, le go leor líonraí (fosaithe agus gan sreang araon) agus gléasanna éagsúla á n-úsáid, rud atá ag éirí níos éasca a dhéanamh, chun ábhar agus feidhmchláir a chur in iúl agus a úsáid.

27 ComReg 19/56, Dréacht-Mheabhrán Faisnéise agus Dréacht-Rialacháin maidir le Dámhachtain Bheartaithe 400 MHz, foilsithe ar an 12 Meitheamh 2019

28 Féach www.comreg.ie/industry/radio-spectrum/spectrum-awards/400mhz-band-spectrum/ chun tuilleadh eolais a fháil

29 ComReg 18/103a agus 18/103b, "Ag Freastal ar Riachtanais Nascachta ár dTomhaltóirí" le Frontier Economics Ltd., foilsithe an 30 Samhain 2018.

30 ComReg 18/103a agus 18/103b, "Ag Freastal ar Riachtanais Nascachta ár dTomhaltóirí" le Frontier Economics Ltd., foilsithe an 30 Samhain 2018.

31 ComReg 18/103d, "Oibleagáidí maidir le Clúdach agus dámhachtainí speictrim" le DotEcon Ltd., foilsithe an 30 Samhain 2018

32 ComReg 18/103, "Nascacht in Éirinn a fheabhsú – Dúshláin, réitigh agus gníomhaíochtaí", foilsithe an 30 Samhain 2018

- Cuimsítear i réitigh mhaithe le haghaidh nascacht laistigh úsáid Wi-Fi agus glaonna Wi-Fi dhúchasaigh ar nasc leathanbhanda fhosaithe, agus úsáid athsheoltóirí fón póca atá díolmhaithe ó cheadúnas. Trí rochtain fhorleathan ar nascacht leathanbhanda fhostaithe ardluais a chinntiú, is léir go bhfuil an PNL ríthábhachtach maidir le treá agus glacadh Wi-Fi agus seirbhísí glaonna Wi-Fi Dhúchasaigh;
- Dealraíonn sé go bhféadfadh an margadh féin an clúdach leathanbhanda mhóibíligh 30 Mbit/s a mhéadú ó na leibhéil reatha go dtí 90% ar a laghad den daonra (an áit ina gcónaíonn daoine) sa tréimhse go dtí 2025.
- Dá mbainfí an leibhéal clúdaigh sin amach sholáthrófaí d'fheabhsuithe suntasacha clúdaigh theagmhasaigh chomh maith do thoisí clúdaigh eile (geografach, mótarbhealach, príomhbhóithre) do na seirbhísí 3 Mbit/s agus gutha, rud a mhéadódh an tseirbhís go dtí os cionn 99% den daonra agus os cionn 90% den chlúdach geografach.
- Ní bhainfeadh an margadh féin leibhéil an-ard de chlúdach leathanbhanda mhóibíligh 30 Mbit/s amach ar bhonn geografach toisc go dteastódh níos mó ná dhá oiread go ceithre oiread láithreán cille a bheith ag líonraí faoi choinne é sin. Ghlacfadh sé sin a lán blianta lena bhaint amach agus is dóigh go mbeadh an costas foriomlán ar gheallsealbhóirí an-ard.
- D'fhéadfaí úsáid a bhaint as idirghabhálacha beartais nó rialála chun torthaí clúdaigh níos fairsinge a bhaint amach ná a bhainfí amach ó iomaíocht áit an mhargaidh amháin. Chaithfí iad sin, áfach, a dhearadh go cúramach, agus bunaithe ar mheasúnú ar na costais agus na tairbhí an chlúdaigh bhreise atá á lorg don tsochaí.

Dámhachtain bheartaithe speictrim le haghaidh leathanbhanda gan sreang

I mí an Mheithimh 2019, d'eisigh ComReg doiciméad³³ ina raibh a fhreagairt ar chomhairliúchán 18/60³⁴ agus a chomhairliúchán maidir lena thograí mionsonraithe le dámhachtain speictrim ilbhandaí chun cearta úsáide a shannadh i gceithre speictreambhanda atá oiriúnach le seirbhísí leathanbhanda mhóibíligh agus gan sreang (WBB). Is iad na speictreambhanda sin bandaí 700 MHz, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz³⁵, agus tá siad sin ar fad comhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach maidir le seirbhísí WBB a sholáthar.

Ar an iomlán, tá sé beartaithe ag ComReg 470 MHz de chearta speictrim chomhchuibhithe a dhámhachtain. Bheadh sé sin ina mhéadú 46% ar an speictream comhchuibhithe arna shannadh le haghaidh seirbhísí WBB a sholáthar in Éirinn agus chuirfeadh sé go mór ar chumas an mhargaidh seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh ó chustaiméirí atá ag méadú ar shonraí móibíleacha agus seirbhísí úra.

I gcomhréir lena oibleagáidí iomaíocht a chur chun cinn, tá sé beartaithe ag ComReg cearta a dhámhachtain ar na bandaí sin trí phróiseas oscailte iomaíoch dámhachtana i gcás gur féidir le hoibreoirí reatha agus le hiontrálaithe úra ionchasacha dul san iomaíocht i leith na gceart speictrim sin.

33 ComReg 19/59R, "Dámhachtain Bheartaithe Speictrim Ilbhandaí - Lena n-áirítear na bandaí 700 MHz, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz", foilsithe an 18 Meitheamh 2019.

34 ComReg 18/60, "Dámhachtain Bheartaithe Speictrim Ilbhandaí, Réamhchomhairliúchán maidir le cad na speictreambhandaí a dhámhfar", foilsithe an 29 Meitheamh 2018

35 Banda 700 MHz (703-733 / 758- 788 MHz); Banda 2.1 GHz (1920-1980 / 2110 – 2170 MHz); Banda 2.3 GHz (2300 -2400 MHz); agus banda 2.6 GHz (2500 -2690 MHz).

Lena chois sin, i gcomhréir le hoibleagáidí Eorpacha, tá sé beartaithe ag ComReg na cearta speictrim a dhámhachtain ar bhonn atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta agus na seirbhíse de, rud a chiallaíonn go mbeadh ceadúnaithe úra ábalta leas a bhaint as trealamh a chloíonn leis an gcaighdeán comhchuibhithe is infheidhme, bíodh sin ina dteicneolaíochtaí 3G, 4G nó 5G le haghaidh úsáidí móibíleacha, fosaithe gan sreang agus úsáidí eile.

Bheadh ComReg ag súil go n-oirfeadh an dámhachtain seo go háirithe do chur chun cinn na seirbhísí reatha 4G agus sholáthar na seirbhísí úra 5G a chumasú.

Athbhreithniú ar Cheadúnais um Chraoladh Raidió agus Theilifís RTÉ.

I mí Iúil 2018, d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán³⁶ inar moladh ceadúnais úra a bhronnadh do Raidió Theilifís Éireann ("RTÉ") i ndáil lena líonraí agus seirbhísí craolacháin raidió agus teilifíse atá liostaithe thíos nuair a éagfaidh a cheadúnais reatha³⁷:

- Craoltóireacht Fuaime Analóige ("ASB");
- Craoltóireacht Fuaime Digití ("DSB"); agus
- Teilifís Dhigiteach Trastíre ("DTT").

Fuair ComReg aighneacht amháin maidir lena chomhairliúchán, ó RTÉ, agus i mí na Samhna 2018, d'fhoilsigh ComReg a fhreagairt ar chomhairliúchán³⁸ ina leagtar amach measúnú agus seasaimh deiridh ComReg maidir leis na cúrsaí a ardaíodh ina chomhairliúchán roimhe sin. I mí na Bealtaine 2019, glacadh ionstraim

reachtúil³⁹ chun seasaimh ComReg a léiriú, agus eisíodh ceadúnais úra ASB agus DSB chuig RTÉ.

Tástáil agus Triail Éireann

Le suíomh geografach na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa agus lena déine íseal daonra soláthraítear príomhbhuntaíste nádúrtha, is é sin, flúirse measartha speictrim gan úsáid. Seirbhís is ea Tástáil agus Triail Éireann ar féidir le fiontraithe, taighdeoirí agus forbróirí teicneolaíochtaí gan sreang úsáid a bhaint as chun teicneolaíochtaí gan sreang a thástáil nó a thriail i raon leathan bandaí minicíochta, lena n-áirítear príomhchodanna de na bandaí móibíleacha agus craolacháin. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, d'eisigh ComReg 34 ceadúnas Tástáil agus Triail. Tá tuilleadh eolais maidir le Tástáil agus Triail Éireann leagtha amach in **www.testandtrial.ie**.

Oibríochtaí um Cheadúnú

Ní mór údarú a fháil ó ComReg le haghaidh seilbh agus úsáid trealamh raidió in Éirinn. D'fhéadfadh an t-údarú sin a bheith ina cheadúnais nó ina dhíolúine ceadúnais. D'fhéadfaí ceadúnais a eisiúint i gcomhréir leis an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht Raidió-Theileagrafaíochta 1926 (arna leasú); agus
- An tAcht Craolacháin 2009

Ón 30 Meitheamh 2019 i leith, b'ionann líon iomlán na gceadúnas raidió beo ar ár mbunachar sonraí agus 18,778, méadú 1.1%.

B'ionann líon iomlán na gceadúnas a eisíodh sa tréimhse tuairiscithe seo agus 5,012, méadú 36.3% ar an mbliain roimhe sin. Tháinig an méadú seo chun cinn mar thoradh ar:

36 ComReg 18/64, "Athbhreithniú ar Cheadúnais um Chraoladh Raidió agus Theilifís RTÉ", foilsithe an 12 Iúil 2018

37 Rachaidh ceadúnas ASB agus ceadúnas DSB RTÉ araon in éag ar an 13 Bealtaine 2019 agus rachaidh a dhá cheadúnas DTT in éag ar an 13 Nollaig 2019.

38 Doiciméad 18/97, "Athbhreithniú ar Cheadúnais um Chraoladh Raidió agus Theilifís RTÉ" Freagairt ar Dhoiciméad Comhairliúcháin 18/64 ComReg, foilsithe an 20 Samhain 2018

39 Ionstraim Reachtúil 197 de 2019, Rialacháin na Radio-Theileagrafaíocht (Ceadúnais um Theilifís Seirbhíse Poiblí agus um Craoltóireacht Fuaime) 2019

- méadú 221% ar líon na gceadúnas craolacháin um Chóras Sonraí FM/Raidió ("RDS") a eisíodh. Tá an méadú seo mar thoradh ar cheadúnais úra FM/RDS a eisiúint chuig RTÉ agus ceadúnais FM bhreise úra agus shealadacha; agus
- méadú 44% ar líon na n-iarratas ar cheadúnas nasc pointe le pointe mar thoradh ar oibreoirí líonra mhóibíligh agus soláthraithe SCL eile ag nascann a mbunstáisiún agus a nód.

Eispéireas na nÚsáideoirí Seirbhísí Móibíleacha

Mar chuid dá obair leanúnach fíricí agus sonraí iontaofa a sholáthar agus an fhaisnéis seo a chur ar fáil go héasca chun eolas a thabhairt do thomhaltóirí agus iad a chosaint maidir leis na tosca a théann i gcion ar an gclúdach móibíleach rinne ComReg an méid seo a leanas:

- d'fhoilsigh sé trí thuarascáil eile (Doiciméid ComReg 18/82, 18/109 agus 19/67) maidir le feidhmíocht gach déanaí agus múnla úir sás láimhe móibíleach a cuireadh ar fáil ar mhargadh na hÉireann le haghaidh gutha agus sonraí araon;
- d'fhoilsigh sé ar a shuíomh gréasáin léarscáil um chlúdach móibíleach a chruthaíodh ó shonraí a chuir oibreoirí líonra mhóibíligh ar fáil; agus
- sheol sé feachtas faisnéise poiblí chun feachtas a ardú i measc mhonaróirí, dháileoirí, sholáthraithe, shuiteálaithe agus thomhaltóirí ComReg maidir le Cinneadh ComReg (Doiciméad ComReg 18/58) chun údarú a thabhairt i leith úsáid athsheoltóirí fón póca áirithe chun feabhas a chur ar ghlacadh fón póca faoi dhíon (féach www.comreg.ie/repeaters).

Faireachas margaidh ar tháirgí

Le linn na tréimhse tuairiscithe bhunaigh ComReg caidreamh oibre le príomhardáin ar líne amhail Facebook, Google, agus DoneDeal chun cosc a chur ar threalamh raidió agus trealamh leictreonach neamhchomhlíonta á bheith a iompórtáil isteach go hÉirinn trí cheannach ar a suíomhanna gréasáin.

Tugadh aird ar leith ar an réimse maidir le treiseoirí fóin neamhdhleathacha. Ba shuntasáí Cinneadh ComReg sa tréimhse tuairiscithe dheireanach maidir le húdarú a thabhairt i leith úsáid athsheoltóirí fón póca áirithe chun feabhas a chur ar ghlacadh fón póca faoi dhíon toisc go soláthraíonn athsheoltóirí rogha shábháilte agus dhlíthiúil do thomhaltóirí.

Faigheann ComReg cuidiú sa réimse seo chomh maith ó Chustam agus Mál agus ó mhí Iúil 2018, ghabh sé 283 gléas neamhchomhlíontach ag ionaid éagsúla phoist agus tugadh do ComReg iad. Astu sin fuarthas nár chomhlíon thart ar 80% na rialacháin ábhartha. Is é seo méadú 66% ar an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, nuair a ghabhadh 170 gléas.

Imscrúduithe ar Thrasnaíocht Radaimhinicíochta

Cuireadh trasnaíocht radaimhinicíochta (RFI) síos ar na comharthaí radaimhinicíochta a chuireann isteach ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí dlisteanacha, bíodh sé sin le chéile nó ar bhonn sealadach nó i bpáirt. Is féidir le RFI dul i gcion ar sheirbhís ar bith lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do, rialú aerthrachta, seirbhísí fón póca, raidió gnó, naisc mhicreathonnta agus seirbhísí craolacháin.

Is é fócas na hoibre seo freagra a thabhairt ar ghearáin RFI, agus faightear thart ar 100 acu gach bliain agus léirítear in anailís:

- go mbaineann níos mó ná leath de na gearáin RFI a fhaightear le trasnaíocht líomhnaithe ar líonraí móibíleacha; agus
- go mbaineann 14% de na gearáin le trasnaíocht líomhnaithe seirbhísí móibíleacha ar talamh (PMR), raidió dhá bhealach agus is ionann córais teiliméadrachta agus 14% den obair sa réimse seo (áirítear leis sin gearáin tosaíochta Aicme 1 i gcás go líomhnaítear go bhfuil an trasnaíocht ag tarlú do sheirbhísí sábháilteachta beatha agus/nó do sheirbhísí aerloingseoireachta.

- Le linn na tréimhse 2018-2019, d'fhreagair Aonad Faisnéise agus Imscrúduithe an Speictrim (SII) ComReg ar líon tuarascálacha maidir le trasnaíocht ar sheirbhísí sábháilteachta beatha, lena n-áirítear Rialú Aerthráchta, Gardaí, agus Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, d'fhoilsigh ComReg a chéad Tuarascáil Bhliantúil maidir le Faisnéis agus Imscrúduithe an Speictrim 2017 – 2018 (Doiciméad ComReg 18/86).

ComReg agus Tascfhórsa Fón Póca

Mar chuid de chlár Tascfhórsa Fón Póca an Rialtais⁴⁰ le haghaidh 2019, cuireadh an cúram ar ComReg fóram ráithiúil a bhunú le soláthraithe na bpríomhsheirbhísí cumarsáide leictreonaí. Tá sé mar aidhm leis na fóraim rannpháirtíochta a neartú, roinnt eolais a mhéadú, agus comhar níos fearr a chothú, tríd an méid seo a leanas a éascú

- deis a thabhairt chun topaicí réamhbhreathnaitheacha a phlé agus a bhreithniú – cuideoidh sé seo lena chinntiú go mbeidh obair ComReg maidir le trasnaíocht raidió agus faireachas táirgí dea-ullmhaithe chun úsáid leanúnach agus éifeachtach as an speictream raidió a chinntiú ar bhonn leanúnach;
- Prótacail agus nósanna imeachta tacaíochta cuí a bhreithniú le haghaidh tuairisciú éifeachtach agus imscrúdú ina dhiaidh sin, de réir mar is cuí, ar chúrsaí trasnaíochta an speictrim raidió;

- Treochtaí atá ag teacht chun cinn agus ceisteanna comhleasa a shainaithint, a phlé agus a bhreithniú; agus
- Athbhreithniú eatramhach a dhéanamh laistigh de 12 mhí óna chéad chruinniú chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFóram agus moltaí ar bith dá fhorbairt amach anseo a shainaithint.

Tháinig an fóram le chéile den chéad uair ar an 18 Meitheamh 2019 agus bhí ardleibhéal rannpháirtíochta dearfaí ó gach duine a bhí i láthair. Tá sé beartaithe cruinnithe eile a thionól ar bhonn ráithiúil.

⁴⁰ Féach www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Broadband/mobile-phone-and-broadband-taskforce/Pages/Mobile-Phone-and-Broadband-Taskforce.aspx

Radaíocht Neamhianúcháin

Is coinníoll é den Údarú Ginearálta⁴¹ le haghaidh soláthar líonra agus/nó seirbhís cumarsáide leictreonaí chomh maith le ceadúnais éagsúla Teileagrafaíochta gan Sreang arna n-eisiúint ag ComReg nach mór d'oibreoirí údaithe/ ceadúnaithe a chinntiú go mbeidh nochtadh an phobail do radaíocht neamhianúcháin laistigh de na treoirlínte atá leagtha síos sna treoirlínte arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin (ICNIRP)⁴².

Sa tréimhse tuairiscithe seo rinneadh nócha a naoi (91) suirbhé. Roghnaíodh ochtú (80) ceann de na láithreáin ar a ndearnadh suirbhéireacht ar bhonn dháileadh an daonra agus roghnaíodh an t-aon déag (11) cheann eile, mar shampla, le breathnú ar theicneolaíochtaí agus láithreáin a mbaineann suim faoi leith níos mó leo⁴³.

Is féidir tuilleadh eolais agus an stór le haghaidh gach tuarascála ó bhí 2003 i leith a fháil anseo – www.comreg.ie/nir-reports-2/

Comhlíonadh maidir le Ceadúnais Oibreoirí Líonra Mhóibíligh – Tástáil Tiomána

Rinne ComReg a chóras tástála tiomána sé mhí a athnuachan⁴⁴, atá deartha le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh⁴⁵ na n-oibleagáidí atá leagtha síos sna Ceadúnais le haghaidh 3G agus Úsáid Léirscaoilte. Clúdaítear sa bhealach a glacadh sa bhreis ar 5,000 km ina gcuimsítear gach príomhbhóthar agus gach bóthar Náisiúnta ("N") sa Stát lena n-áirítear, na bailte ann agus na codanna mótarbhealaigh.

Le linn na tréimhse athbhreithnithe, d'fhoilsigh ComReg tuarascáil achomhairc⁴⁶ maidir lena thástáil tiomána agus leanfaidh sé leis na tuarascálacha achomhairc sin a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin www.comreg.ie, i ndiaidh gach tástála tiomána. Fuarthas sna torthaí go bhfuil a gcoinníollacha ceadúnais á gcomhlíonadh ag na hoibreoirí líonra mhóibíligh.

41 Féach: www.icnirp.org

42 Féach: www.comreg.ie/publication/general-authorisation-for-the-provision-of-electronic-communications-networks-and-services/


43 D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na láithreáin sin, mar shampla, láithreáin tarchuradóirí úra, úsáid níos airde as láithreáin reatha agus láithreáin ina gcumhdaítear limistéir ina mbeadh rochtain an phobail ina hábhar imní agus d'fhéadfaí go mbeadh gá lena measúnú.

44 Bhí sé seo mar thoradh ar phróiseas um larratas ar Thairiscint ("RFT"), RFT 135426, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin ríomhthairiscintí Rialtas na hÉireann (<https://www.etenders.gov.ie/>) agus in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ("OIAE"). Ba é an conraitheoir a ceapadh chun an tástáil tiomána a dhéanamh thar ceann ComReg, Advanced Wireless Technologies Group ("AWTG"), Londain, an Ríocht Aontaithe.

45 Ba cheart go gcuirfí béim air nach ndéantar measúnú leis an tástáil tiomána ar eispéireas an úsáideora ach go ndéantar ar chomhlíonadh ceadúnas é.

46 <https://www.comreg.ie/publication/assessment-of-mobile-network-operators-compliance-with-licence-obligations-coverage-winter-2018/>

UIMHRIÚ



An Scéim Náisiúnta Uimhrithe a Bhainistiú

Déanann aonad uimhrithe ComReg bainistíocht leanúnach oibriúcháin agus straitéiseach ar an Scéim Náisiúnta Uimhrithe, ina gcuimsítear gach uimhir gheografach, gach uimhir mhóibíleach, gach uimhir neamhgheografach, gach uimhir seirbhíse ardráta, gach cód gairid, agus gach cód líonra.

Tá uimhreacha agus cóid fóin riachtanach maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar. Cumasaítear leo ródú éifeachtach na cumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tacaíonn siad le feidhmiú cuí na gcóras billeála agus socraíochta líonraí fosaithe agus móibíleacha. Soláthraítear faisnéis leo chomh maith maidir leis an nglaoiteoir ar an tseirbhís ar a nglaoitear, praghas an ghlaio, agus suíomh an pháirtí ar a nglaoiteoir.

Déanann ComReg bainistíocht ar na huimhreacha i gcomhréir le⁴⁷ Moltaí Idirnáisiúnta ITU agus faoi réir reachtaíocht shonrach náisiúnta agus AE. Le bainistíocht ComReg ar an acmhainn uimhrithe cinntítear úsáid éifeachtach agus éifeachtúil, agus dá réir sin infhaighteacht leanúnach na n-uimhreacha. Leagan ComReg coinníollacha (i.e. rialacha) síos chomh maith maidir le húsáid na n-oibreoirí as uimhreacha agus sainíonn sé na daoine atá i dteideal uimhreacha a bheith acu. Ceaptar na coinníollacha agus na critéir incháilithe sin chun tomhaltóirí a chosaint agus rochtain chothrom a chur ar fáil d'oibreoirí ar acmhainní uimhrithe Éireannach chun iomaíocht a chur chun cinn.

Déantar na coinníollacha uimhrithe a nuashonrú de réir mar is gá chun forbairtí margaidh, athruithe reachtacha agus ceanglais eile a chur san áireamh. Cuireadh an nuashonrú is déanaí i gcrích i mí an Mheithimh 2018⁴⁸, i ndiaidh comhairliúcháin poiblí. Tá nuashonrú eile ar na coinníollacha uimhrithe beartaithe le haghaidh R4 2019.

Athbhreithniú ar Uimhreacha Neamhgheografacha

In mí na Nollag 2018, chuir ComReg a athbhreithniú ar fheidhmiú chúig chineál éagsúla d'uimhreacha neamhgheografach i gcrích (NGNanna) - 1800, 1850, 1890, 0818 agus 076. Baintear úsáid as na NGNanna sin chun réimse leathan seirbhísí teileafóin a chur ar fáil do thomhaltóirí, amhail línte cabhrach carthanais, baincéireacht ar an nguthán agus seirbhísí do chustaiméirí. Cé go gcuireann NGNanna ardán úsáideach ar fáil chun seirbhísí a sholáthar, bhí buarthaí ag ComReg faoi na taraifí miondíola a bhí ann do roinnt NGNanna agus faoin leibhéal trédhearcachta maidir le costais NGN do thomhaltóirí.

I bhFreagairt ComReg ar an gComhairliúchán agus Comhairliúchán breise (Doiciméad ComReg 18/65⁴⁹), mar fhreagairt ar a chomhairliúchán roimhe sin (Doiciméad ComReg 17/70) a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe roimhe sin, leagadh amach i measúnú ComReg na haighneachtaí a fuair sé, a seasamh ag an am sin, agus an dóigh a raibh sé beartaithe ag ComReg a athbhreithniú ar NGNanna a chur chun cinn. Bhí sé fós de thuairim ComReg go bhfuil gá leis na bearta rialála beartaithe chun dul i ngleic leis an dochar do thomhaltóirí a breathnaíodh agus go bhfuil údar leo agus go bhfuil siad comhréireach. Áiríodh ar na bearta a beartaíodh coinníoll taraife miondíola úr a thabhairt isteach le haghaidh NGNanna 1850,

1890, 0818 agus 076 agus laghdú a dhéanamh ar líon na gcineálacha NGNanna ó chúig cinn (1800, 1850, 1890, 0818 agus 076) go dhá cheann (1800 agus 0818).

Cinneadh ComReg

I bhFreagairt deiridh ComReg ar Chomhairliúchán 18/65 agus ar an gCinneadh (ComReg 18/106 lena n-áirítear Cinneadh Uimh. D15/18) cuirtear síos ar aighneachtaí chuig Comhairliúchán 18/65 agus leagtar amach measúnú ComReg orthu, a seasaimh dheiridh, agus a chinneadh. Níor thug rud ar bith sna freagairtí ar Chomhairliúcháin 17/70 nó 18/65 faoi deara go ndéanfaidh ComReg athrú suntasach ar a réamhdhearcthaí, arna leagan amach i gComhairliúchán 17/70. Go sonrach, níor sholáthair freagróir ar bith fíricí nó argóintí frithchúitimh ar bith lena chur ina luí ar ComReg gan ceann ar bith de na bearta a sainathnódh nó na bearta uile a sainathnódh a dhéanamh. Dá réir sin, níl athrú ar bith go bunúsach ar sheasamh ComReg, cé gur shínigh sé an t-am atá ceadaithe chun líon na raonta a laghdú ó 5 go2.

Le Cinneadh NGN ComReg (ComReg D15/18) tugadh isteach dhá bheart faoi mar a thuairiscítear thíos agus atá léirithe i Léaráid 12:


- **Coinníoll Geo-nascadh:** tá sé beartaithe leis an mbeart seo dul i ngleic leis an gcostas miondíola a bhaineann le NGNanna a úsáid. Ón 1 Nollaig 2019, ní chosnóidh glao ar NGN 1850, 1890, 0818 nó 076 a dhath níos mó ná an costas a bhaineann le glaoigh ar uimhir líne talún. Ciallaíonn sé sin má bhíonn glaonna líne talún i do "chuachta de nóiméid glaonna" go mbeidh glaonna NGN sa "chuachta" chomh maith. Ní ghearrfar muirear ar leith ar bith as glao NGN ar bith (mura mbeidh cuachta do nóiméid glaonna úsáidte agat).
- **Comhdhlúthú NGN:** tá sé beartaithe leis an mbeart sin dul i ngleic le mearbhall forleathan i measc tomhaltóirí maidir le difríochtaí idir na cúig raon NGN. Ón 1 Eanáir 2022, beidh na cúig raon NGN laghdaithe go dhá raon NGN.

48 Doiciméad ComReg 15/136R1 "Coinníollacha Uimhrithe um Úsáid agus Próiseas Iarratais" www.comreg.ie/publications

49 Doiciméad ComReg 18/65 "Freagairt ar an gComhairliúchán - Athbhreithniú ar Uimhreacha Neamhgheografacha" www.comreg.ie/ngnreview

Aistarraingeofar na raonta 1850, 1890, 076 agus coinneofar an raon 1800 (saorghlao) agus 0818. Leagadh síos an tréimhse 3 bliana ionas go mbeidh go leor ama ag eagraíochtaí a úsáideann NGNanna le hullmhú.

Léaráid 12: Feabhsuithe ar an ardán NGN



Cur chun feidhme

I ndiaidh a Chinnidh, d'fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise⁵⁰ inár soláthraíodh réamh-mholtaí ComReg maidir leis an dóigh ar féidir le ComReg agus an tionscal cur chun feidhme rathúil na bhfeabhsuithe ar an ardán NGN a chomhordú. Léirigh ComReg go gcruthódh sé 'Grúpa Oibre NGN' (GO NGN) i dtús 2019 chun plean mionsonraithe cumarsáide agus cur chun feidhme a fhorbairt agus a chomhaontú agus maoirseacht a dhéanamh ar a chur i gcrích.

Bunaíodh GO NGN i mí an Mhárta 2019 agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta. Forbraíodh Plean Cur chun Feidhme agus Cumarsáide⁵¹ i gcomhaontú le GO NGN agus foilsíodh é i mí an Mheithimh 2019.

Sa Phlean seo sainithnítear na tascanna a chaithfear a dhéanamh chun an Cinneadh NGN a chur chun feidhme, na páirtithe a chaithfidh gach tasc a dhéanamh agus an achar ama chun gach tasc a chríochnú.

Tá córas úr um Shannadh Uimhreach Aonair (INA) á chomhfhorbairt ag ComReg chomh maith leis an tionscal, chun go gcumasófar sannadh aonair NGNanna 1800 agus 0818 ar féidir leo bheith beo ar líonraí laistigh de 1 lá. Leis an gcóras INA éascaítear ascnamh ag eagraíochtaí a úsáideann NGNanna i gceann ar bith de na trí raon atá le haistarraingt (1850, 1890 agus 076) go huimhreacha úra 1800 nó 0818 Tá níos mó 95% de na huimhreacha sin fós ar fáil. Tá sé beartaithe an córas INA a sheoladh san fhómhar in 2019.

Uimhriú le haghaidh Cumarsáid Meaisín go Meaisín (M2M)

I mí an Mheithimh 2018, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní uimhrithe fón móibíleach, chinn ComReg⁵² raon uimhrithe M2M a thabhairt isteach. Úsáideann raon M2M an réamhuimhir 088 le 10 gceart síntiúsóra (i.e. +353 88 + 10 ndigit). Mar aitheantas ar na héilimh ón tionscal chomh maith le ceanglais Airteagal 93 den Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach⁵³, chinn ComReg chomh maith úsáid eachtardhomhanda an raoin M2M seo a cheadú. Ina Fhreagairt ar an gComhairliúchán (Doiciméad ComReg 18/46), leag ComReg líon céimeanna amach chun an raon úr uimhreacha 088 a chur chun feidhme.

Ó shin, chuir ComReg tuilleadh bac ar an raon 088 atá ar fáil lena sannadh chuig oibreoirí agus soláthraithe seirbhíse M2M. Sannadh 11 Mhilliún uimhir 088 ar an iomlán go dtí seo. Leanann ComReg ag buaileadh le hoibreoirí agus le húdaráis náisiúnta rialála eile chun oscailt thráthúil an raoin 088 a chinntiú ar gach líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta.

50 Doiciméad ComReg 19/01 "Ardán Úr NGN a Chur chun Feidhme – Fógra Faisnéise" www.comreg.ie/ngnreview

51 I nDoiciméad ComReg 19/65 "Plean Cur chun Feidhme agus Cumarsáide – Fógra Faisnéise" agus 19/65a "Doiciméad Analysys Mason Plean Cur chun Feidhme agus Cumarsáide - Tuarascáil"

52 Doiciméad ComReg 18/46 "Athbhreithniú ar Uimhriú Fón Móibíleach - Freagairt ar an gComhairliúchán agus ar an gCinneadh" www.comreg.ie/publications

53 Treoir 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (CECL)

ANAILÍS AR AN MARGADH & PRAGHSÁIL



In Éirinn cinntear raon feidhm agus cineál na rialála cumarsáide leictreonaí trí phróiseas anailíse ar an margadh mar atá leagtha amach faoin gcomhchreat Eorpach rialála maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

Faoin gcreat seo ní mór do ComReg na margaí a d'fhéadfadh a bheith faoi raon feidhm an rialacháin a shainaithint ag féachaint do Mholadh 2014 an Choimisiúin Eorpaigh, lena saináithnítear na margaí sin atá so-ghabhálach i leith rialachán ex ante. Nuair a bheidh an margadh ábhartha sainithe aige, ní mór do ComReg a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil Cumhacht Shuntasach Mhargaidh (CSM) ag cuideachta ar bith laistigh den mhargadh sin, coincheap atá cosúil le coincheap na ceannasachta faoin dlí na hiomaíochta. Má chinntear go bhfuil CSM ag cuideachta, ní mór do ComReg leigheas (nó oibleagáid) amháin ar a laghad a fhorchur chun an éifeacht dhóchúil fadhbanna iomaíochta sainaitheanta a fheabhsú ag féachaint dá dtionchar ar an iomaíocht agus ar thomhaltóirí. Mar shampla, féadfaidh ComReg a cheangal ar oibreoir CSM rochtain ar a líonra a oscailt d'iomaitheoirí ar leibhéal mórdhíola, agus rochtain dá leithéid a bheith faoi réir rialuithe praghsanna. Ceanglaítear ar ComReg leis an dlí Eorpach fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach maidir lena ndréachtchinntí i ndáil lena anailís ar an margadh. Déantar athbhreithniú ar mhargaí rialáilte ó am go chéile faoin próiseas anailíse seo ar an margadh.

Prionsabal treorach é de chuid an chomhchreata rialála go bhforchuirfear oibleagáidí CSM ar leibhéal mórdhíola, agus go bhforchuirfear oibleagáidí ar leibhéal miondhíola i gcás nach leor na hoibleagáidí ar leibhéal mórdhíola chun dul i ngleic leis na ceisteanna iomaíochta ar na margaí mórdhíola amháin.

Ag deireadh mhí an Mheithimh 2019 ní raibh ach margadh mórdhíola amháin (ina bhfuil trí fho-dheighleog) in Éirinn a bhí faoi réir rialacháin, is é sin an margadh le haghaidh rochtain mhórdhíola ar an líonra teileafóin poiblí ag suíomh fosaithe (líne ar cíós). Rinneadh rialachán laistigh de na margaí mórdhíola sin a laghdú de réir a chéile le himeacht ama, áfach.

Le linn na bliana, chuir ComReg a anailís ar líon margaí mórdhíola i gcrích, chomh maith le leanúint/tús a chur le líon athbhreithnithe eile, faoi mar a leanas:

1. Na margaí um Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (WLA) agus Rochtain Lárnach Mhórdhíola (WCA), arb dhá mhargadh mórdhíola iad a sholáthraíonn seirbhísí mórdhíola d'oibreoirí a úsáidtear i soláthar seirbhísí leathanbhanda agus teileagrafaíochta iarteachtacha/mórdhíola (i measc eile). De thoradh ar Chomhairliúchán 2016, i mí na Samhna 2018 d'fhoilsigh ComReg a chinntí⁵⁴ i ndáil lena anailís ar na margaí WLA agus WCA. I gcomhthráth, i mí na Samhna 2018 d'fhoilsigh ComReg cinntí gaolmhara chomh maith mar le rialú praghsanna⁵⁵ agus leigheasanna ar chuachtaí⁵⁶ sna margaí WLA agus WCA, mar thoradh ar chomhairliúcháin roimhe sin a eisíodh i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2017. Rinne Sky Ireland Limited gnéithe de na cinntí a achomharc chun na hArd-Chúirte ar an 14 Nollaig 2018.
2. Na margaí um Fhoirceann Glao Gutha Fosaithe (FVCT) agus um Fhoirceann Glao Gutha Mhóibíligh (MVCT), arb iad dhá mhargadh mórdhíola a sholáthraíonn seirbhísí mórdhíola d'oibreoirí a úsáidtear chun glaonna ar líonraí na bpáirtithe ar glaodh orthu a chur i gcrích. De thoradh ar chomhairliúchán 2017, i mí na Bealtaine 2019 d'eisigh ComReg a chinntí⁵⁷ i ndáil lena anailís ar na margaí FVCT agus MVCT. I gcomhthráth, i mí na Bealtaine 2019 d'fhoilsigh ComReg cinntí gaolmhara chomh maith maidir le hoibleagáidí⁵⁸ rialaithe praghsanna i ndáil le seirbhísí FVCT agus MVCT, mar thoradh ar chomhairliúcháin roimhe sin i mí an Mhárta 2018.

3. An margadh um Rochtain Ardchaighdeáin Mhórdhíola (WHQA), ina gceannaíonn oibreoirí seirbhísí mórdhíola leathanbhanda shiméadraigh ardluais mórdhíola a úsáidtear mar ionchuir i soláthar seirbhísí leathanbhanda iarteachtacha/mórdhíola do ghnólachtaí meánmhéide agus móra, agus chun teorainneacha a líonraí a leathnú. D'eisigh ComReg comhairliúchán eile⁵⁹ maidir lena anailís ar an margadh mórdhíola HQA i mí Feabhra 2018, agus an t-athbhreithniú fós ar siúl agus táthar ag súil le teacht ar chinneadh faoi R4 2019.
4. Na margaí um Rochtain Gutha Fhosaithe Mhórdhíola (RFVA) agus um Rochtain Fhosaithe Mhórdhíola agus um Thosú Glao, arb iad dhá mhargadh a bhaineann le soláthar seirbhísí teileagrafaíochta fosaithe mórdhíola. Chuir ComReg tús le hobair inmheánach ar anailís a dhéanamh ar na margaí sin (a athbhreithníodh an uair dheireanach in 2014 agus 2015 faoi seach), chomh maith le bheith páirteach le soláthraithe seirbhíse chun faisnéis le tacú leis na hanailísí a bhailiú. Eiseoidh ComReg comhairliúchán ina leagfar amach a réamhdhearcthaí ar anailís na margaí RFVA agus FACO, agus beidh a thráthúlacht foilsithe i bplean gníomhaíochta bliantúil ComReg atá ar fáil go poiblí⁶⁰.
5. Na margaí um Sheirbhísí Tarchurtha Craolacháin Mórdhíola (BTS) agus Seirbhísí Ilphléacsaithe na Teilifíse Digití Trastíre ("DTT"), arb iad dhá mhargadh mórdhíola lena n-éascaítear soláthar seirbhísí DDT mórdhíola saorchraolta agus seirbhísí raidió cuasa-náisiúnta. Chuir ComReg tús le hobair inmheánach ar anailís a dhéanamh ar na margaí sin (a athbhreithníodh an uair dheireanach in 2013), chomh maith le bheith páirteach le soláthraithe seirbhíse chun faisnéis le tacú leis na hanailísí a bhailiú. In am agus i dtráth, eiseoidh ComReg comhairliúchán ina leagfar amach a réamhdhearcthaí ar anailís na margaí BTS agus Ilphléacsaithe DDT, agus beidh a thráthúlacht foilsithe i bplean gníomhaíochta bliantúil ComReg atá ar fáil go poiblí.

54 Doiciméad ComReg 18/94 www.comreg.ie/publications

55 Doiciméad ComReg 18/95 www.comreg.ie/publications

56 Doiciméad ComReg 18/96 www.comreg.ie/publications

57 Doiciméad ComReg 19/47 www.comreg.ie/publications

58 Doiciméad ComReg 19/48 www.comreg.ie/publications

59 Doiciméad ComReg 18/08 www.comreg.ie/publications

60 <https://www.comreg.ie/about/what-we-do/corporate-governance/>

Bhí ComReg páirteach i mbailiú faisnéise soláthraithe seirbhíse ag baint úsáid as a chumhachtaí reachtúla um bailiú faisnéise.

I mí na Bealtaine 2019 d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán⁶¹ inar measadh an Meánchostas Ualaithe Caipitil ("WACC") sna hearnálacha móibíleach, líne fosaithe agus craolacháin a úsáidtear ansin chun críocha leigheasanna rialaithe praghsanna a fhorchuirtear ar oibreoirí SMP. Tá obair ar siúl i ndiaidh na bhfreagairtí a fuarthas ar an gcomhairliúchán WACC i mí Lúnasa 2019, agus beidh tráthúlacht ghlacadh an chinnidh maidir le WACC foilsithe i bplean gníomhaíochta bliantúil ComReg atá ar fáil go poiblí.

Tráchtairacht an Mhargaidh

Ó mhí an Mheithimh 2019, sháraigh líonraí NGA Eir thart ar 1.9m áitreabh lena n-áirítear teicneolaíochtaí bunaithe ar FTTC (Cábla Snáthoptaice go Colbha) agus FTTP (Cábla Snáthoptaice go hÁitreabh)⁶². San iomlán, bhí 702,000 síntiúsóir ag baint úsáid as na seirbhísí sin. Tá Virgin Media fós ina imreoir suntasach sa mhargadh, ag déanamh fógraíochta ar luasanna íoslódála sa bhreis ar 300Mbps. De réir comhdú poiblí⁶³ d'fhreastail líonra Virgin Media ar 941,400 áitreabh agus bhí 376,200 síntiúsóir leathanbhanda aige amhail deireadh mhí an Mheithimh 2019.

Tá FTTP á chur i bhfeidhm ag SIRO, comhfhiontar idir BSL agus Vodafone chuig teaghlaigh agus gnólachtaí i líon bailte roghnaithe ar fud na tíre. Amhail mí Iúil 2019, sháraigh SIRO 250,000 áitreabh⁶⁴.

Tá meánluasanna leathanbhanda fosaithe fós ag méadú. Amhail deireadh mhí an Mheithimh 2019, bhí thart ar 89% de na síntiús le leathanbhanda cothrom le 10Mbps nó níos mó ná sin, méadú ó 86% i mí an Mheithimh 2018. Agus ag deireadh na tréimhse athbhreithnithe seo bhí 79.6% de na síntiús le leathanbhanda cothrom le 30Mbps nó níos mó ná sin, méadú ó 74.6% i R2 2018.

Tháinig méadú ó 1.41 milliún i mí an Mheithimh 2018 go 1.44 milliún i mí an Mheithimh 2019 ar iomlán na síntiús le leathanbhanda miondíola fosaithe. Astu sin sholáthair Miondíol eir 32.2% díobh, sholáthair Virgin Media 26.3% díobh, sholáthair Vodafone 18.9% díobh, agus sholáthair Sky 13.4% díobh agus sholáthair oibreoirí eile an 9.2% eile. Cumasaíonn oibreoirí dá leithéid na seirbhísí leathanbhanda miondíola arna soláthar ag Vodafone, Sky agus oibreoirí (seachas eir agus Virgin Media) ag baint úsáid as táirgí mórdhíola amhail táirgí Rochtana Díchuachta Bitstream agus Virtual (VUA).

61 Doiciméad ComReg 19/54 www.comreg.ie/publications

62 <https://www.eir.ie/pressroom/eir-FY19-Full-Year-Results-Announcement/>

63 <https://2zn23x1nwzzj494slw48aylw-wpengine.netdna-ssl.com/wp-content/uploads/2019/08/Fixed-Income-Q2-2019-Report.pdf>

64 <https://siro.ie/siro-now-a-serious-challenger-to-eir-in-fibre-arms-race/>

ATHBHREITHNIÚ MÓRDHÍOLA



Comhlíonadh

San rannóg seo clúdaítear imscrúduithe ar sháruithe ar oibleagáidí um rialáil ag oibreoirí teileachumarsáide, teagmhais a bhaineann le mí-úsáid uimhreacha Éireannacha agus tuairiscí ar theagmhais shuntasacha líonra.

Nuair atáthar ag déileáil le himscrúdaitheoirí ar chomhlíonadh le hoibleagáidí maidir le rialáil d'fhéadfaí an méid seo a leanas a bheith mar thoradh ar chonclúid an cháis:

- tuairim neamhfhoirmiúil maidir le comhlíonadh a eisiúint chuig oibreoir,
- íocaíocht riaracháin ó oibreoir,
- imeachtaí cúirte nó
- dúnadh cáis i gcás nár sainaithníodh fadhb ar bith nó i ndiaidh leighis ag oibreoir i gcás go measann ComReg nach bhfuil gá le gníomh eile.

Le linn na tréimhse, áiríodh ar ghníomhaíochtaí um chomhlíonadh teileachumarsáide ComReg:

Comhlíonadh rialála:

- Osclaíodh 9 gcás
- Dúnadh 14 chás
- 11 chás ghníomhacha

Mí-úsáid as uimhreacha Éireannacha:

- Osclaíodh 33 chás
- Dúnadh 37 chás

Tuairiscí faoi theagmhais líonra:

- Tuairiscíodh 15 theagmhas

I dtaca leis na cásanna um chomhlíonadh rialála, rinne ComReg 8 n-imscrúdú ghníomhacha um chomhlíonadh ar an oibreoir líne fosaithe sealbhóra agus 1 imscrúdú gníomhach um chomhlíonadh ar oibreoirí líonraí mhóibíligh.

I mí Eanáir 2018 thug ComReg fógra do Eir, faoin gcomhaontú socraíochta an 10 Nollaig 2018, a bhí mar thoradh shocraíocht dlíthíochta idir Eir agus ComReg, dúnadh 6 chás um Chomhlíonadh gan gníomh breise agus dhúnfaí 2 chás eile nuair a chuirfeadh Eir deimhniú ar fáil gur comhlíonadh gach ceanglas, a bhí ina gcuid de na cásanna sin. D'aontaigh Eir chomh maith €3 mhilliún a íoc le ComReg i ndáil leis an dlíthíocht um chomhlíonadh agus cásanna oscailte áirithe um chomhlíonadh. Íocadh an chéad trí thráthchuid de €1 mhilliún ar an 1 Iúil 2019.

Rialachas Rialála

Le linn an dara leath de 2018 chuaigh ComReg agus Eir isteach i bplé maidir le réiteach comhaontú féideartha um dlíthíocht i ndáil le himeachtaí a thionscain Eir i gcoinne an Stáit in 2017 inar cuireadh i gcoinne bhailíocht na reachtaíochta ar bhraith ComReg air in iarratais leis an Ard-Chúirt maidir le forchur pionós airgeadais.⁶⁵

Mar thoradh ar an bplé sin, i mí na Nollag 2018,⁶⁶ chomhaontaigh ComReg agus Eir sraith gealltanais, a mbeidh bunú agus oibriú Múnla Rialachais Rialála ("RGM") feabhsaithe in Eir mar thoradh orthu nuair a bheidh siad curtha chun feidhme go hiomlán Tugtar Gealltanais RGM ar na gealltanais sin lena gcuirtear chun feidhme an RGM agus tá eolas mionsonraithe tugtha orthu sa Chomhaontú Socraíochta⁶⁷.

Faoin gComhaontú Socraíochta, thiomnaigh Eir é féin do líon bearta tábhachtacha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar rialachas inmheánach Eir i ndáil le cúrsaí rialála. Áirítear ar ghnéithe tábhachtacha:

- (a) Comhlacht Maoirseachta Neamhspleách ("IOB") a chruthú ina mbeidh formhór na mball ina mbail neamhspleácha. Beidh sé de chúram ar an gcomhlacht seo inter alia maoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar shocruithe rialachais rialála Eir. Beidh 5 bhall san IOB, beidh formhór a bhall lena n-áirítear a Chathaoirleach neamhspleách agus beidh siad ceaptha ag ComReg agus ceapfaidh Eir dhá bhall eile óna bhord;
- (b) Socruithe rialachais inmheánaigh feabhsaithe in Eir agus tuairisciú mionsonraithe don IOB;
- (c) Méadóidh Eir a neamhspleáchas dá eite Mhórdhíola ón gcuid eile deghnó Eir le trédhearcacht mhéadaithe thar chinnteoireacht inmheánach; agus
- (d) Bearta chun feabhas a chur ar chórais TF agus rialuithe gaolmhara Eir lena chinntiú go ndéanfar rochtain ar chórais TF a rialú go cuí.

Cuireadh taca faoi líon Príomhgealltanais RGM ("Garspriocanna Feidhmíochta") le suim airgid thirim €9 milliún a chuir Eir in escrow, ar féidir ComReg é a tharraing as i gcás sholáthar mall nó neamhsoláthar na gGarspriocanna Feidhmíochta ag Eir.

Mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Socraíochta⁶⁸ ceanglaíodh ar Eir líon Garspriocanna Feidhmíochta ar a dtugtar Garspriocanna Luatha a bhaint amach faoi dhátaí áirithe. Ó sin feasta, thiofadh ComReg ar chinneadh faoi cé acu ar bhain nó nár bhain Eir na Garspriocanna Luatha sin amach.

Ar an 24 Eanáir 2019, cheap Eir dhá bhall ar an gComhlacht Maoirseachta Neamhspleách ("IOB"), rud a chomhlíon an ceanglas maidir le Garsprioc Feidhmíochta a bhí le baint amach faoin 31 Eanáir 2019. Cruthaíodh an IOB ar an 24 Bealtaine 2019⁶⁹

⁶⁵ I mí an Mheithimh 2017, fuair ComReg cúig shárú ar oibleagáidí maidir le rialáil a bhaineann le mórdhíol i gcoinne Eir agus rinne sé iarratas leis an Ard-Chúirt chun orduithe a fháil maidir le pionóis airgeadais i ngach cás.

⁶⁶ ComReg 18/110 www.comreg.ie/publications

⁶⁷ Comhaontú Socraíochta, arna dhátú an 10 Nollaig 2018.

⁶⁸ larscríbhinn 2 leis an gComhaontú Socraíochta.

⁶⁹ ComReg 19/49 www.comreg.ie/publications

Faoi 31 Bealtaine 2019, bhí sé ceangailte ar Eir na naoi nGarsprios Feidhmíochta⁷⁰ eile a bhaint amach agus maidir leis sin chuir Eir doiciméid isteach chuig ComReg⁷¹. Rinne ComReg athbhreithniú ar na doiciméid a cuireadh ar fáil, agus i ndiaidh roinnt soiléirithe a iarraidh ó Eir, chinn sé gur bhain Eir na Garsprioscanna Feidhmíochta ar fad amach.

Bunaíodh an Comhlacht Maoirseachta Neamhspleách (IOB) agus tá a phlean oibre á ullmhú aige faoi láthair agus, faoi mar a cheanglaítear leis an gcomhaontú Feidhmíochta, sholáthair Eir líon aighneachtaí don IOB ar a ndéanfaidh sé athbhreithniú agus a bhreithneoidh sé mar chuid dá shainordú chun maoirseacht a dhéanamh ar struchtúir rialachais Eir. I ndiaidh athbhreithniú bliantúil tá IOB le tuarascáil a fhoilsiú ina mbeidh tuairim i ndáil le cur chun feidhme agus éifeachtúlacht RGM eir.

Tá ComReg ag leanúint lena thionscadal lena shainaithear cé acu an mbeadh bearta rialála ar bith oiriúnach, ag féachaint ar a chuspóirí agus a fheidhmeanna, lena n-áirítear na cinn faoi na Rialachán um Rochtain, go sonrach faoi Rialachán 8 go 15. Féadfaidh ComReg dul i gcomhairle ar a thograí maidir leis seo.

Táirgí Mórdhíola

Clúdaítear as rannóg seo an clár oibre arna dhéanamh ag an bhFoireann Táirgí agus lomaíochta. Tá an Fhoireann Táirgí freagrach as gnéithe Straitéise agus Oibriúcháin phlean oibre an Rannáin Mhórdhíola agus sonraíocht theicniúil na leigheasanna ar bhonn anailíse a sholáthraíonn fhoireann na hAnailíse ar an Margadh.

Sa bhliain dar críoch Meitheamh 2019, i ndiaidh fhoilsiú Chinntí ComReg maidir le rialachán na margaí um Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (WLA) agus Rochtain Lárnach Mhórdhíola (WCA) i mí na Samhna 2018, agus tháinig na hoibleagáidí

gaolmhara i bhfeidhm i dtréimhse ó mí na Samhna 2019 go dtí mí na Bealtaine 2019, agus tuilleadh criostalaithe le teacht i L2 2019.

Chuir an fhoireann Táirgí sásraí i bhfeidhm chun monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar chur chun feidhme na leigheasanna faoi mar atá sainordaithe leis an gCinneadh. Ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe san Aonad um Chomhlíonadh agus Rialachas Rialála, déanaimid anailís agus iarmheasúnú ar cheisteanna a d'fhéadfadh teacht as rannpháirtíocht mhargaidh. Leanadh le hobair i ndáil leis na leigheasanna a beartaíodh don mhargadh le haghaidh Rochtain Ardchaighdeáin Mhórdhíola (WHQA) i ndiaidh comhairliúcháin.

Príomhghné d'obair na dTáirgí is ea rannpháirtíocht mhargaidh – teagmhálacha fairsinge a choinneáil leis an tionscal agus go háirithe leis an bpobal a bhíonn ag lorg rochtana agus 'eir oscailte' (eite mhórdhíola Eir). Cuirtear é sin i gcích trí theagmhálacha déthaobhacha, óstáil agus cathaoirleacht an Fhórait Rannpháirtíochta tionscail mhíosúil, agus rannpháirtíocht ag Ceardlann oscailte mhíosúil um Fhorbairt Táirgí arna hóstáil ag eir.

Lean an fhoireann Táirgí ag ullmhú don teacht chun cinn teicniúil agus margaidh trí dhréachtchreataí a fhorbairt le haghaidh forbairtí líonra – lena n-áirítear teacht chun cinn líonraí copair agus snáithín agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu sin ar sheirbhísí agus ar úsáideoirí deiridh.

70 Bhí ceann amháin de na naoi nGarsprios Luatha le baint amach ar an 31 Márta 2019 agus bhí an chuid eile le baint amach faoi 31 Bealtaine 2019 nó faoi chéad chruinniú an IOB.

71 Le cuid de na Garsprioscanna Feidhmíochta ceanglaíodh ar Eir aighneacht a dhéanamh leis an IOB.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA



Rialachas

Is é cuspóir an Choimisiúin a chinntiú go gcomhlíonfar an dea-chleachtas sa Rialachas Corparáideach i gcónaí.

Is é beartas ComReg cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus thuairiscigh sé maidir lena chomhlíonadh maidir le codanna ábhartha den Chód sa Tuarascáil Bhliantúil seo nó ar leithligh trí litir chuig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Tá clár fairsing iniúchóireachta i bhfeidhm ag ComReg, ar a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta maoirseacht agus tháinig siad le chéile 4 huairé le linn na bliana. Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a sheachfhóinsíú. Tá iontaobhaí neamhspleách ar an scéim pinsean ann chomh maith, de réir an dea-chleachtais.

Mar chomhlacht poiblí atá ag oibriú i dtimpeallacht dheacair, dúshlán leanúnach atá ann ná leanúint le luach a chur leis ag obair laistigh de shrianta acmhainní. Déanaimid beartais agus nósanna imeachta i ndáil le caiteachas, soláthar agus bainistíocht riosca a athbhreithniú agus a leasú ar bhonn leanúnach. Tá ComReg cuntasach don Oireachtas trí Choistí Oireachtais.

Féachtar le cur chun feidhme leanúnach an phlean soláthair luach ar airgead a bhaint amach, seirbhís cháilíochta a sholáthar don phobal agus soláthar a eagrú ar bhealach comhlíontach. Le linn na bliana reatha d'éagraíomar tairiscint iomaíoch i ndáil le glanadh oifigí agus seirbhísí seachfhóinsithe. Leanamar na Treoracha Eorpacha um Sholáthar le haghaidh conarthaí níos mó. Bhaineamar úsáid as Creat-Chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais nuair is féidir.

Tá sé mar aidhm againn gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá agus foilsímid uimhir agus luach na n-íocaíochtaí a dhéanfar ar bhonn ráithiúil ar ár suíomh gréasáin. Leanaimid le feabhas a chur ar ár bhfaid timthrialla próiseála oibre, le cuidiú ó chomhoibriú na mball foirne go léir agus ó na tionscnaimh theicneolaíocha úra a fhorbraítear go hinmheánach chun próiseáil a fheabhsú. Sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2019 rinneadh 87% de na híocaíochtaí laistigh den tréimhse ama riachtanach.

Acmhainní Daonna agus Barr Feabhais Oibriúcháin 2019

Eagraíocht eolasbhunaithe is ea ComReg ina gcuirtear ar chumas na heagraíochta an sainordú a sholáthar trí shainscileanna na ndaoine a oibríonn le chéile go comhoibríoch. Tá an bhéim ar dhaoine a mhealladh, a fhostú, a fhorbairt, caidreamh a bhunú leo agus iad a choinneáil fós ina príomhthosaíocht don eagraíocht.

Tá sé de phribhléid againn lucht oibre inniúil bheith againn atá tiomanta do shainchúram ComReg a chomhlíonadh. Tá scil na ndaoine atá ag obair anseo ina príomhchuid de chumas na heagraíochta ár gcuipóirí a bhaint amach i dtaca le hiomaíocht a chur chun cinn, custaiméirí a chosaint agus nuálaíocht a spreagadh. Déanann ComReg a dhícheall timpeallacht a chur ar fáil ina dtugtar tacaíochtaí do gach duine atá ag obair anseo lena gcumhachtú lena ndícheall a dhéanamh agus ar an tslí sin cuirtear ar chumas na heagraíochta cion a bhfuil tionchar aige a chur leis an tsochaí.

Thug ár máthair-roinn údarás dúinn ár líonta a mhéadú. Le bliain anuas, tugadh tús áite d'earcaíocht chun na folúntais sin a líonadh. Beidh na hacmhainní breise sin ina dtairbhe shuntasach agus muid ag déileáil le freagrachtaí úra, casacht bhreise agus éilimh níos airde. Mar sin féin, toisc go dteastaíonn scileanna speisialaithe i gcomhair cion ard dár ról – Innealtóirí, Cuntasóirí, DLíodóirí agus Anailísithe

– d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach sa mhargadh buacach reatha ár bhfolúntais a líonadh leis an tallann a theastaíonn.

Mar gheall ar neamhfhreastal i roinnt ról ríthábhachtacha cailleadh caipiteal intleachtúil, lenar theastaigh am suntasach a infheistiú chun fostaithe úra a uas-sciliú go dtí an leibhéal go raibh siad raibh siad ag cur an mhéid chéanna leis an fostaithe roimhe sin. Mar chuid dár bplean buíon tallainne amach anseo a chruthú, sheolamar ár ndara clár céimithe 2 bhliain nuair a earcaíodh céimithe Eacnamaí agus forbrófar é trí uainíocht agus cláir shaincheaptha.

Tuigimid nach bhfuil san earcaíocht ach an chéad chéim sa chaidreamh fostaíochta agus gur cheart go mbeadh ionduchtú dearfach agus ionduchtú ina dhiaidh sin. Bhí sé ina réimse tábhachtach fócais béim a chur ar an eispéireas ionduchtúcháin agus ar an tréimhse promhaidh chun earcaithe úra a oiliúint agus a uas-sciliú, agus cuidiú leo ar an tslí sin dul i dtaithí ar a bpost agus a rannchuidiú a thabhairt go gasta.

Ar aon dul lenár éiteas um fhoghlaím ar feadh an tsaoil, sheolamar clár meantóireachta feabhsaithe ComReg. Tá an clár ceaptha chun tairbhe an mheantóra, an mheantaí agus na heagraíochta. Tá sé thar a bheith úsáideach do thosaitheoirí úra toisc go gcuidíonn sé le scileanna úra agus líonra níos mó a fhorbairt. Leanaimid le hinfheistiúocht a dhéanamh i ndaoine a chur ar a gcumas a scileanna teicniúla agus gairmiúla a bharrfheabhsú ar oiliúint an phost, foghlaim piara le piara, cúrsaí inmheánacha agus oideachas foirmiúil. Anuraidh, áiríodh ar ár bhféilire de chláir eagraíochta cláir forbartha bainistíochta, ghairmiúla, theicniúla agus rialála chomh maith le seisiúin lóin a dearadh chun comhoibriú agus roinnt eolais a spreagadh. Leanamar le hurraíocht a dhéanamh ar oideachas agus bhain baill foirne ComReg torthaí sármhaithe amach agus iad ag méadú a n-eolais agus a gcumais.

Le 12 mhí anuas, chuireamar próiseas úr bainistíochta feidhmíochta i bhfeidhm, an

tldirphlé Feidhmíochta agus Forbartha (IFF). Nascann IFF an Creat Inniúlachta le feidhmíocht agus dá réir sin méadaíonn sé an fócas chun an méid a bhaintear amach agus an dóigh a mbaintear amach é a chur san áireamh. Tá an bhéim anois ar spriocanna a leagan síos atá nasctha le pleananna straitéise agus gnó agus comhráite rialta, sceidealaithe a bheith ann idir an t-athbhreithneoir agus an t-athbhreithní. Le bliain anuas, chuireamar béim ar gach céim den timthriall úr agus chuireamar oiliúint ar fáil ag gach céim.

Cuirtear béim ar ár luachanna maidir le hlonracas, Neamhchlaontacha, Trédhearcacht, Barr Feabhais agus Éifeachtúlacht lena chinntiú go ndéanfar iompraíocht a bhaineann leis na luachanna sin a fhí inár idirghníomhaíocht agus inár gcinntí go léir. Táimid tiomanta do thimpeallacht a sholáthar ina gcaitear go cothrom agus go measúil lenár gcomhghleacaithe go léir inár lucht oibre éagsúil agus tá a fhios againn cad é iompar inghlactha agus cad é iompar do-ghlactha. Tá sin á chur in iúl againn le bliain anuas ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí oiliúint ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach.

Tá ComReg tiomanta do chuidiú a thabhairt do dhaoine a oibríonn anseo chun meascán sláinte sona sásta oibre saoil a bhain amach. Tá clár gníomhach folláine againn ar a dtugtar 'Mind, Body and Spirit' agus is é is cuspóir leis béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt don tsláinte choirp agus don mheabhairshláinte. Le dúshlán peidiméadair ComReg spreagadh méadú ar ghníomhaíocht choirp agus, mar aon le scagadh leighis a sholáthar, cumhachtaítear daoine cinntí eolasacha a dhéanamh lena bhfolláine a chosaint.

Tá freagrachtaí ag ComReg i ndáil le hinbhuanaitheacht. Chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh, thug an eagraíocht faoi roinnt tionscnaimh ghlasa amhail úsáid iompair phoiblí ag na baill foirne a chur chun cinn faoin scéim coigilte cánach, rochtain na foirne

ar an tionscnamh rothaíocht chun na hoibre a spreagadh, cupáin choinneála agus buidéil uisce a sholáthar, araidí athchúrsála a úsáid agus bearta éifeachtacha fuinnimh lena n-áirítear solais a ghníomhaítear le braiteoir in oifigí agus i suíomhanna eile, agus uaineadóirí ar téitheoirí uisce. Leanfaidh ComReg leis na bearta cuí a chur i bhfeidhm, más féidir, chun ár Lorg Carbóin a laghdú.

Ceanglaítear ar ComReg chomh maith cloí le hailt 25, 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas 2005. Faoi Acht, cinntíonn ComReg go bhfuil láithreacha poiblí ár bhfoirgnimh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumais agus go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumais ar á seirbhísí poiblí. Cheap ComReg oifigeach rochtana ar féidir teagmháil a dhéanamh leis ag access@comreg.ie

Tá an méid a bhaineann ComReg amach forbartha ar cháilíocht, ar thiomantas agus ar chaighdeán ghairmiúla ár ndaoine a oibríonn anseo. Táimid ag tnúth le leanúint le leas a bhaint as sin trí thionscnaimh úra agus athnuaite a thabhairt isteach amach anseo.

Teicneolaíocht Faisnéise

Ar aon dul le beartas reatha ríomhsheirbhísí an Rialtais, leanann ComReg le feabhas a chur ar a sheirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise. Lean ComReg lena sheirbhísí gréasáin agus a chórais shaincheaptha a fhorbairt chun feabhas a chur ar phróisis go himheánach agus i ndáil le ceadúnú agus rannpháirtíocht tomhaltóirí araon. Le linn na tréimhse seo rinneadh feabhsuithe leanúnacha i gcomhthéacs thimpeallacht slándála ComReg chun maolú a dhéanamh ar an méadú ar bhagairtí cibearshlándála agus chun feabhas a chur ar ár seirbhísí IT a bhainistítear ar bhonn oibriúcháin.

Gnóthaí Cumarsáide agus Poiblí

Ar aon dul le straitéis ComReg, is é príomhspríoc do ComReg idirghníomhú go réamhghníomhach lenár mórán geallsealbhóirí. Tá réimse leathan geallsealbhóirí ag ComReg idir thomhaltóirí agus a ngrúpaí ionadaíocha, agus oibreoirí údaraithe, grúpaí ionadaíocha an tionscail chomh maith le comhlachtaí agus ranna intíre agus idirnáisiúnta, i measc dreamanna eile. Creidimid go gcuidíonn rannpháirtíocht oscailte leis na geallsealbhóirí ar fad le ComReg agus a chuid oibre.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú d'eisíomar 213 foilseachán agus rinneamar Measúnuithe Tionchair Rialála (MTRanna) nuair is cuí, lena chinntiú go ndearnadh ualáí iomarcacha rialála a mhaolú.

EACNAMAÍOCH, BEARTAIS AGUS TAIGHDE



Bricfeasta Geallsealbhóirí

I mí Dheireadh Fómhair 2018, thionóil ComReg bricfeasta geallsealbhóirí chun roghanna a fháil sula ndéanfaí an Straitéis um Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí 2019-2021 a dhréachtú.

D'fhreastail os cionn 100 ionadaí ó chomhlachtaí poiblí, oibreoirí, ón tsochaí shibhialta agus ó ghrúpaí tomhaltóirí ar an mbricfeasta seo.

Mhodhnaigh Helen Shaw plé beoga ar thopaicí lena n-áirítear:

- forbairtí le déanaí i margaí teileachumarsáide na hÉireann
- treochtaí agus dúshláin a d'fhéadfadh dul i gcion an ar an earnáil SCL thar shaolré na Straitéise
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na buntáistí le feiceáil ag tomhaltóirí maidir le tírdhreach iomaíoch atá ag athrú
- na príomhthosaíochtaí do ComReg faoin gCód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach

Dr Dan Maldoom from DotEcon presented on potential business models for 5G applications drawing on research undertaken for BEREC. His presentation considered potential regulatory issues and some challenges likely to arise in monetising 5G. This event yielded interesting insights and feedback which were considered during the Strategy Statement drafting process.

Foilseachán Ráiteas Straitéise 2019-2021

I mí na Bealtaine 2019, d'fhoilsigh ComReg a Ráiteas Straitéise SCL 2019-2021. Athbhreithniú lár na bliana is ea an doiciméad seo ar Straitéis 2017-2021, agus tugtar deis leis chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh le dhá bhliain anuas agus tosaíochtaí a leagan amach go dtí 2021.

Sa Ráiteas Straitéise leagtar amach cúig rún straitéiseacha don eagraíocht:

- Iomaíocht – Soláthraíonn an margadh nuálaíocht agus an rogha is fearr agus is féidir d'oibreoirí mórdhíol agus miondíola.
- Cosaint Tomhaltóirí – Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.
- Infheistíocht – Le hinfheistíocht éifeachtach éascaíodh rochtain inacmhainne, ardchaighdeán agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide.
- Forfheidhmiú agus Comhlíonadh – Cloíonn eintitis rialáilte le hoibleagáidí rialála.
- Eagraíocht – Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha muid.

Cuirtear taca faoin na rúin straitéiseacha sin le 30 Sprioc.

Thar an dá bhliain den straitéis seo, oibreoidh ComReg chun fíis na heagraíochta a chur chun cinn – go mbeidh rochtain inacmhainne, ardchaighdeán agus fhorleathan ag na tomhaltóirí agus na tomhaltóirí in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha. Tá an Ráiteas Straitéis ar fáil, i mBéarla agus i nGaeilge, ag www.comreg.ie/strategy

GNÓTHAÍ IDIRNÁISIÚNTA



Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach

Tá ComReg ina rannpháirtí gníomhach i gComhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC⁷²) ó bunaíodh é. Cuimsítear i mballraíocht BEREC gach ceann de na húdaráis rialála náisiúnta (ÚRNanna), ó 28 Ballstát an Aontais Eorpaigh, trí cinn de stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), na ceithre thír oifigiúla is iarrthóir de chuid an Aontais Eorpaigh agus na trí thír is iarrthóir ionchasach de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá an liosta iomlán de bhaill agus rannpháirtithe BEREC gan cearta vótála ar fáil ag https://berec.europa.eu/eng/about_berec/links

Ó Eanáir go mí na Nollag 2018, bhí Coimisinéir ComReg, Jeremy Godfrey, ina Leas-Cathaoirleach ar BEREC 2018. Ag tosú ar an 1 Eanáir 2019, ghlac an tUasal Godfrey ceannas ar ról Chathaoirleacht BEREC 2019. Sa dara leath de 2018 agus isteach go 2019 go sonrach, lean BEREC le bearta a dhéanamh a raibh sé mar aidhm leo a ról mar chumasóir straitéis Mhargadh Aonair Digiteach AE a neartú.

⁷² Bunaíodh Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) le Treoir 2018/1971 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2018. Cuirtear an Rialachán úr in ionad an tseanchinn – Rialachán (CE) Uimh. 1211/2009 a bhí ina chuid de phacáiste Athchóiriú Teileachumarsáide. Cuireadh in ionad Ghrúpa na Rialtóirí Eorpacha um Líonraí agus um Sheirbhísí maidir le Cumarsáidí Leictreonacha é a bunaíodh mar ghrúpa comhairleach leis an gCoimisiún in 2002.

Dá pháirt, agus sa tréimhse reatha, i bhfianaise ról ceannaireachta ComReg in BEREC, ghlac ComReg ról cheannaireachta maidir leis na cúraimí seo a leanas:

- próisis a bhainistiú maidir le Clár Oibre 2019 BEREC a sholáthar⁷³ (arna fhorbairt trí 2018), ag tabhairt faoi deara tionchar suntasach thograí an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (CECL) ar an obair seo; agus
- an 6ú Fóram Geallsealbhóirí BEREC⁷⁴ sa Bhruiséil ar an 17 Deireadh Fómhair 2018, imeacht inar shárthaispeáin BEREC obair ar a éifeachtúlacht agus ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí chomh maith le hinfheistíocht éifeachtach in earnáil teileachumarsáide na hEorpa (mar shampla Líonraí Fíor-ardacmhainneachta).

Lena chois sin, trí 2018 lean BEREC le páirt a ghlacadh i soláthar Chlár Oibre 2018 (faoi cheannaireacht Chathaoirleach BEREC 2018⁷⁵), inar cuimsíodh thart ar 30 tionscadal aonair. Ó mí Eanáir 2019 i leith, agus an tUasal Godfrey ag glacadh an Chathaoirleachta ar BEREC, stiúir ComReg 10 gGrúpa Oibre bhuana BEREC⁷⁶ chun na tionscadail ar fad atá leagtha amach i gClár Oibre 2019 a sholáthar, agus béim ar an obair éigeantach rithábhachtach a d'eascair as an CECL, go háirithe na 12 doiciméad Treoirlínte ar cuireadh de chúram BEREC iad a sheachadadh thar an dá bhliain amach romhainn, mar shampla:

- Treoirlínte BEREC maidir leis na híoschritéir le haghaidh tairiscint tagartha i ndáil le hoibleagáidí um thrédhearcacht (le soláthar faoi mhí na Nollag 2019)
- Treoirlínte BEREC maidir le critéir chomhchoiteanna le haghaidh measúnú ar chumas na ngnóthais seachas LCL nó SCL acmhainní uimhrithe a bhainistiú (le soláthar faoi Mhárta 2020)

- Treoirlínte BEREC maidir le cuidiú le ÚRNanna i ndáil le cur i bhfeidhm suirbhéanna geografacha imscartha líonraí (le soláthar faoi Mhárta 2020)
- Treoirlínte BEREC maidir le líonraí fíor-ardacmhainneachta (le soláthar faoi mhí na Nollag 2020)
- Treoirlínte BEREC maidir le cur chun feidhme na gcritéir chun measúnú a dhéanamh ar chomhinfheistíochtaí i ngnéithe líonraí fíor-ardacmhainneachta a chothú (le soláthar faoi mhí na Nollag 2020)

Le linn na tréimhse, lean ComReg le saineolaithe náisiúnta a sholáthar comhchathaoirleacht a dhéanamh ar Úsáideoirí Deiridh, Staitisticí & Táscairí, agus na Grúpa Oibre Ad Hoc um Chumarsáid. In 2019, mar chuid dá chathaoirleacht ar BEREC, ghlac ComReg an ról mar Chathaoirleach Líonra Teagmhála BEREC chomh maith, arb é sin an cruinniú ullmhúcháin a thionóltar roimh gach cruinniú lomlánach de chuid BEREC le linn na bliana.

Chomh maith lena Chlár Oibre bliantúil, soláthraíonn BEREC Tuairimí agus comhairle theicniúil eile d'institiúidí reachtacha Eorpacha (an Coimisiún Eorpach, agus Chomhairle agus an Pharlaimint) ar bhonn ad hoc. Lena chois sin, chun leasanna shaoránaigh na hEorpa a chosaint agus chun iomaíocht chur chun cinn go ginearálta comhoibríonn BEREC le comhlachtaí comhairleacha eile, amhail an Grúpa Beartais um an Speictream Raidió ("RSPG")⁷⁷ agus an Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise ("ENISA")⁷⁸.

73 https://berec.europa.eu/eng/document_register/subject_matter/berec/annual_work_programmes/8337-berec-work-programme-2019

74 https://berec.europa.eu/eng/events/berec_events_2018/173-6th-berec-stakeholder-forum

75 Johannes Gungl, RTR – an Ostair.

76 https://berec.europa.eu/eng/about_berec/working_groups/ - cuimsítear dhá ghrúpa oibre ad hoc maidir le ceisteanna ar chumarsáid geallsealbhóirí agus cibearshlándaíl

77 An Grúpa Beartais um an Speictream Raidió; <http://rspg-spectrum.eu/>

78 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéis <http://www.enisa.europa.eu/>

Cruinnithe Iomlánacha BEREC

Tagann Bord na Rialálaithe le chéile ceithre huaire sa bhliain agus sa tréimhse Iúil 2018 – Meitheamh 2019 glacadh agus faomhadh roinnt príomhdhoiciméad lena bhfoilsíú, ina gclúdaítear topaic lena n-áirítear, i measc eile:

- Ceisteanna ar cheart do BEREC iad a bhreithniú i ndáil leis an ngeilleagar sonraí, i bhfianaise an ábharthacht atá ag méadú maidir le sonraí don earnáil teileachumarsáide go háirithe maidir leis an idirghníomhaíocht atá ag fás le hearnálacha eile atá lárnach don gheilleagar sonraí (ardáin ar líne, soláthraithe inneachair closamhairc, braiteoirí a bhailíonn sonraí, etc.).
- Gnéithe múnlaíthe margaidh um údarú speictrim, nósanna imeachta dámhachtana agus oibleagáidí maidir le clúdach chun a n-oiriúnacht do 5G a bhreithniú; áirítear leis an obair seo chomh maith faisnéis maidir le hoibleagáidí reatha clúdaigh le haghaidh limistéar dúshlánach.
- Rialú na bpraghsanna ar chumarsáid laistigh de AE, mar a cuireadh an cúram leis an CECL ar BEREC, Treoirlínte a fhorbairt maidir leis an gceist seo, inar cuimsíodh tagarmharc trína féidir measúnú a dhéanamh ar thosca oibiachtúla ábhartha lena chinneadh an bhfuil tionchar níos mó ar oibreoir amháin ná mar atá ar fhormhór na n-oibreoirí san Aontas agus tástáil a úsáidfear le measúnú a dhéanamh ar cé acu an ndéanfaidh an tionchar sin lagú suntasach ar chumas an tsoláthraí sin mhúnlú muirearaithe intíre a choinneáil.

Comhsheasmhacht sa Rialachán ar fud na hEorpa

Chun comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach sna próisis rialála, tá cumhachtaí maoirseachta ag an gCoimisiún Eorpach i ndáil le bearta a d'fhéadfadh ÚRNanna a dhéanamh maidir le staid iomaíoch margáí ar an leibhéal náisiúnta (dá dtagraítear mar “chásanna Airteagal 7” i ndiaidh fhorálacha Airteagal 7 agus 7a an Chreata Réime (Treoir 2002/21/CE, arna leasú)). Nuair a chuireann an Coimisiún amhrais thromchúiseacha in iúl faoi anailís ÚRN ar an margadh agus leigheasanna chun dul i ngleic le teipeanna iomaíocha, osclaíonn sé “Imscrúdú Chéim II” dá ngairtear air agus ní mór do Tuairimí BEREC a chur san áireamh go hiomlán sula bhfeidhmeoidh sé a chumhachtaí. I gcásanna dá leithéid, tá nós imeachta ag BEREC maidir le Grúpa Oibre a bhunú, a ghlacann freagracht as Tuairim a dhréachtú ar an gcás.

Le blianta beaga anuas, sholáthair ComReg saineolaithe ar fud líon cásanna den sórt sin, lena n-áirítear mar Rapóirtéir (chun cásanna a stiúradh). Mar sin féin, i bhfianaise thiomantas acmhainní daonna ComReg do chathaoirleacht BEREC, chomh maith leis an líon teoranta d'imscrúduithe Chéim II idir mí Iúil 2018 agus mí an Mheithimh 2019 (go deimhin níor osclaíodh ach 3 chás⁷⁹), níor ghlac ComReg páirt i gcásanna dá leithéid le 12 mhí anuas. Tá gach Tuairim de chuid BEREC arna nglacadh ag Bord na Rialálaithe foilsithe ar shuíomh gréasáin BEREC.⁸⁰

79 PL/2019/2156 (Airteagal 7a), HU/2018/2107 (Airteagal 7), agus HU/2018/2107 (Airteagal 7a)

80 https://berec.europa.eu/eng/article_7_procedures/article_7_cases/

An Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (an IRG)

Tá ComReg ina rannpháirtí gníomhach sa Ghrúpa Rialtóirí Neamhspleácha chomh maith, a oibríonn go dlúth le BEREC agus a bhunaigh grúpa ÚRNanna Eorpacha in 1997, le cuidiú le taithí agus dearcthaí a roinnt i measc a bhall maidir le ceistanna tábhachtacha i ndáil le rialú agus forbairt an mhargaidh Eorpaigh teileachumarsáide.

Idir mí Iúil 2018 agus mí an Mheithimh 2019, d'eisigh ComReg 3 cheistneoir chuig Baill IRG eile dá n-ionchuir, rinne sé anailís ar níos mó ná 55 aighneacht a fuarthas ar na ceistneoirí a eisíodh agus scaip sé achoimrí ar gach Ball IRG. Chomh maith leis sin, thug ComReg freagra ar níos mó ná 40 ceistneoir aonair arna scaipeadh ag Baill eile IRG. Gníomhaíocht thábhachtach is ea rannpháirtíocht leanúnach ComReg in IRG, toisc gur cuidiú é le comhroinnt faisnéise agus foghlaim phiara a chur chun cinn idir ÚRNanna rud is féidir cuidiú le feabhas a chur ar chomhchuibhiú an rialacháin ar fud na hEorpa.

An Coiste Cumarsáide (CoCom)

Bunaíodh CoCom in 2002 faoin gCreat Réime (Treoir 2002/21/CE, arna leasú)) mar choiste comhairleach don Choimisiún Eorpach. Tá CoCom comhdhéanta d'ionadaithe na mBallstát agus is é a phríomhról tuairimí a thabhairt maidir le dréachtbhearta a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún iad a ghlacadh. Mar aon le hionadaithe ó Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, glacann ComReg páirt mar thoscaireacht na hÉireann.

RÁITIS AIRGEADAIS



Comhaltaí an Choimisiúin agus faisnéis eile

Don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2019

An Coimisiún

Amhail an 30 Meitheamh 2019 bhí 3 Coimisinéirí sa Choimisiún

- Garrett Blaney - Cathaoirleach
- Jeremy Godfrey - Coimisinéir
- Robert Mourik - Coimisinéir

Oifigí

1 Larchenatar na nDugaí
Sráid na nGildeanna
Baile Átha Cliath 1

Iníúcháirí

An t-Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Banc na hÉireann
6 – 7 Sráid Uí Chonaill Íochtarach
Baile Átha Cliath 1

Ráiteas faoi rialachas agus tuairisc chomhaltaí an coimisiúin

Don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2018

Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) ar an 1 Nollaig 2002. Sonraítear feidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna sin le rialáil agus ceadúnú an tionscail cumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craolacháin), rialáil seirbhísí poist, rialáil seirbhísí ardráta agus rialáil an ainm fearainn .ie. Maoinítear an Coimisiún go hiomlán trí ioncam a fhaightear ó na tionscail chumarsáide leictreonaí, poist agus seirbhísí ardráta.

Deir alt 11 d'Acht 2002, faoi réir Acht 2002, go mbeidh an Coimisiún neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna. Foráiltear le halt 14 den Acht seo go mbeidh ar a laghad 1 Choimisinéir amháin agus nach mó ná triúr Coimisinéirí ar an gCoimisiún agus faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Coimisiún a nós imeachta féin a rialáil. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a cheapadh agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomhcheisteanna gnó go léir. Is é an Coimisiún agus an Fhoireann Cheannaireachta atá freagrach as bainistiú agus rialú ComReg agus as a stiúradh ó lá go lá. Ní mór don fhoireann cheannaireachta an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an gCoimisiún a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Choimisiún ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagadh amach obair agus freagrachtaí an Choimisiúin ar dtús in Acht 2002. Tá ár gcuspóirí leagtha amach i gcomhréir le reachtaíocht phríomhúil agus le reachtaíocht thánaisteach, agus leanann an creat reachtaíochta sin ar aghaidh ag forbairt i ndiaidh Acht 2002 agus an Acht um Rialáil Cumarsáide 2007. I 2007, chuir an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007 le freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg, chomh maith leis na bearta forfheidhmithe atá ar fáil.

Foráiltear le halt 21 d'Acht 2002 'gur féidir le haon chomhalta d'fhoireann an Choimisiúin nó oifigeach údaraithe de chuid an Choimisiúin feidhmeanna an Choimisiúin a fheidhmiú mar is cuí leis an gCoimisiún'. Tá feidhmeanna áirithe tarmlichte ag an gCoimisiún ach tá nithe eile forchoimeáda go sonrach do chinneadh an Choimisiúin. I measc na nithe a mheasann an Coimisiún tá

- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta / meithleacha oibre
- tuarascálacha airgeadais / cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeáda..

Ceanglaítear le halt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí

agus Athchóirithe, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe ina ndéantar idirdhealú idir na nithe seo a leanas:

- a. feidhmeanna a bhaineann le cumarsáid leictreonach,
- b. feidhmeanna a bhaineann le cúrsaí poist agus
- c. feidhmeanna a bhaineann le seirbhísí ardráta.

Agus ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún ag feidhmiú.
- a shonrú ar leanadh de na caighdeáin chuntasáíochta infheidhme, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasáíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais ceanglais Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide. Is é an Coimisiún atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach as an bplean gníomhaíochta bliantúil agus as an mbuiséad a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Choimisiúin trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad i mí Iúil 2018.

Tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Coimisiún go dtugann a ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin ar an 30 Meitheamh 2018.

Struchtúr an Choimisiúin

Foráiltear in alt 14 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 go mbeidh ar a laghad 1 Choimisinéir agus nach mó ná 3 Coimisinéirí ar an gCoimisiún.

Foráiltear in alt 15 den Acht go gceapfar Coimisinéir ar bhonn lánaimseartha ar feadh tréimhse nach lú ná 3 bliana agus nach faide ná 5 bliana. Foráiltear leis an Acht freisin, i gcás go bhfuil níos mó ná Coimisinéir amháin ann, go gceapfaidh an tAire duine acu chun bheith ina chathaoirleach ar an gCoimisiún.

Faoi Alt 17 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, i gcás nach mbeidh níos mó ná Coimisinéir amháin ceaptha faoi Alt 15, go n-ainmneoidh

sé comhalta dá fhoireann mar leaschomhalta den Choimisiún (“leaschoimisinéir”) a ghlacfaidh agus a chomhlíonfaidh le húdarás an Choimisiúin feidhmeanna uile an Choimisiúin in éagmais an Choimisinéara.

Amhail an 30 Meitheamh 2019 bhí triúr Coimisinéirí ar an gCoimisiún ar cheap an tAire Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil gach duine acu. Sonraítear sa tábla thíos baill an Choimisiúin agus dátaí a gceapachán, nó dátaí a n-athcheapachán (ní féidir le comhaltaí an Choimisiúin fónamh ar feadh níos faide ná 2 théarma oifige mar Choimisinéir). Tagann an Coimisiún le chéile go rialta chun saincheisteanna rialála agus oibriúcháin a phlé.

Commission Member	Date Appointed
Garrett Blaney – Cathaoirleach*	7 Eanáir 2019
Jeremy Godfrey **	2 Meán Fómhair 2013
Robert Mourik	7 Eanáir 2019

* Ina Chathaoirleach ó 1 Eanáir 2019

**ba é Jeremy Godfrey an t-aon Choimisinéir ó Lúnasa 2018 go dtí Eanáir 2019

D'fhág Gerry Fahy agus Kevin O'Brien i mí Lúnasa 2018. D'fhógair an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil, i mí na Samhna 2018 gur ceapadh an tUas. Garrett Blaney agus an tUas. Robert Mourik mar Choimisinéirí tar éis comórtais oscailte a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ceaptha ag an gCoimisiún. Is é an Coimisiún a cheapann comhaltaí ARC agus ní bhíonn níos mó ná cúigear ann:

- beirt Choimisinéirí (Nóta: Is é an Cathaoirleach an tOifigeach Cuntasaíochta agus mar sin ní cheaptar é mar chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca);
- triúr ball seachtrach neamhspleách.

Tá duine de na comhaltaí seachtracha ina chathaoirleach ar an ARC.

Is é ról an ARC tacú leis an gCoimisiún maidir lena fhreagrachtaí ó thaobh rioscaí, rialú agus rialachas agus dearbhú bainteach. Tá an ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an ARC ach go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC go foirmiúil i scríbhinn chuig an gCoimisiún gach bliain.

Bhí na Coimisinéirí Jeremy Godfrey agus Robert Mourik ina mbail den ARC sa bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2018. Is iad seo a leanas comhaltaí seachtracha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Martin Higgins (Cathaoirleach), Patricia Byron agus Marie Collins. Bhí 4 chruinniú ag an ARC sa bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2019.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta do 2019 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí a fuair gach ball. Níor íocadh aon speansais i 2019.

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta

Ainm	Ról	Líon na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu	Táillí 2019 €
Martin Higgins - Cathaoirleach	Comhalta Seachtrach	4	8,000
Patricia Byron	Comhalta Seachtrach	3	3,600
Marie Collins	Comhalta Seachtrach	4	3,600
Jeremy Godfrey	Coimisinéir	3	N/b
Robert Mourik	Coimisinéir	2	N/b

Príomh-Athruithe Pearsanra

D'fhág na Coimisinéirí Gerry Fahy agus Kevin O'Brien i mí Lúnasa 2018. De réir an Achta um Rialáil Cumarsáide 2002 cheap an tAire beirt Choimisinéirí nua.

D'fhág Gerry Fahy agus Kevin O'Brien i mí Lúnasa 2018. D'fhógair an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil, i mí na Samhna 2018 gur ceapadh an tUas. Garrett Blaney agus an tUas. Robert Mourik mar Choimisinéirí tar éis comórtais oscailte a reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú gur chloígh ComReg le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), faoi mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas faoin gCód.

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 a rangú sna bandaí seo a leanas:

	30 Meitheamh 2018 Lion 30 Meitheamh 2019 Lion	30 Meitheamh 2018 Lion 30 Meitheamh 2019 Lion
60 - 70	18	8
70 - 80	12	17
80 - 90	24	13
90 - 100	5	3
100 - 110	10	14
110 - 120	5	4
120 - 130	9	7
130 - 140	2	1
140 - 150	0	2
150 - 160	1	0
160 - 170	0	1
170 - 180	1	0
180 - 190	1	1
190 - 200	1	0
200 - 210	0	1
210 - 220	1	1
220 - 230	1	0

Tabhair do d'aire: Chun críche an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, pá a bhaineann le feidhmíocht agus sochar comhchineáil maidir le híocaíochtaí árachais leighis a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

Costais Chomhairle Theicniúil

Áirítear ar chostais na Comhairle Teicniúla costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus áirítear leis feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

	2019 €'000	2018 €'000
Comhairle Ghairmiúil & Theicniúil	7,319	6,824
Bainistiú Teagmhálaithe	764	502
Taighde Margaidh	178	222
Monatóireacht ar Chaighdeán na Seirbhíse	551	532
Oiliúnt Foirne agus Forbairt Ghairmiúil	375	409
	9,187	8,489

Costais Dlí

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí.

	2019 €'000	2018 €'000
Comhairle Dlí	1,062	911
Costais Dlí a bhaineann le himeachtaí Dlí	1,435	917
	2,497	1,828

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a rangú mar seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Taisteal Intíre	23	29
Taisteal Idirnáisiúnta	364	227
	387	256

Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas ar fháilteachas:

	2019 €'000	2018 €'000
Costais Fáilteachais Foirne	20	15
Iocaíocht leis an gClub Spóirt agus Sóisialta	11	5
	31	20

Ní chuireann ComReg Fáilteachas ar fáil do Chliant. Ní áirítear leis na méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/fáilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó mar óstáil comhdhála, imeachtaí agus cruinnithe.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a choinneáil. Is é an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an bhunchloch ar a bhfuil ár mbeartais rialachais chorparáidigh bunaithe. Bhí éifeachtacht ag an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) sna tréimhsí tuairiscithe airgeadais dar tús an 1 Meán Fómhair 2016 nó ina dhiaidh sin agus glacadh leis sna Ráitis Airgeadais seo.

Ceanglaítear le hAlt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún cód bainistíochta airgeadais a ghlacadh, le ceadú an Aire Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus a shocrú go bhfoilseofaí an cód tar éis ceadú den sórt sin a fháil. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chóid bainistíochta airgeadais agus an cód a leasú agus a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Ceanglaítear freisin ar an gCoimisiún trácht a dhéanamh sa tuarascáil bhliantúil ar an chaoi a bhfuil sé ag cloí leis an gcód.

Tá ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2009) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) faofa ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Foilsítear an cód ar ár láithreán gréasáin, agus tá sé ar intinn againn an Cód a nuashonrú chun riachtanais Chód 2016 a léiriú. Tá sé mar pholasáí ag an gCoimisiún comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Thar ceann an Choimisiúin

Garrett Blaney
Cathaoirleach

Dáta: 12 Márta 2020

Ráiteas ar rialú inmheánach Don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2019

Freagracht as Rialú Inmheánach

Adhmaím thar ceann ComReg go bhfuil sé de fhreagracht orainn a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Tá riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh sa bhfreagracht seo.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas deartha chun rioscaí a bhainistiú go leibhéal réasúnta seachas deireadh a chur leo. Dá bhrí sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go seachnaítear nó go mbraítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm i ComReg don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2018 agus chomh fada le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag ComReg ar a bhfuil beirt bhall den Choimisiún agus triúr ball seachtrach, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu, agus is é an Cathaoirleach duine acu. Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire sa bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2019.

Bhunaigh ComReg feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a chuireann clár oibre i bhfeidhm a aontaíodh leis an ARC.

Tá beartas bainistithe riosca forbartha ag an gCoimisiún ina leagtar amach a mhian i leith riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Tá an polasaí eisithe don fhoireann go léir a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca ComReg, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimsí oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag ComReg trína n-aithnítear agus a thuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm trína n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair ComReg agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhacht. Déanann an Coimisiún athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear na rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne sonracha. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- doiciméadaíodh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir gceist,
- tá córas cuí buiséadaithe ann mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht
- bainistíochta sinsearach athbhreithniú rialta air
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na heaspaí rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Choimisiún, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú,

- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i bhfianaise buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Tá Plean Soláthair Chorporáidigh forbartha ag ComReg a cheadaigh an Coimisiún. Ina theannta sin, chuir sé nósanna imeachta agus beartais i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha Ciallaíonn nádúr ghníomhaíochtaí ComReg go mb'fhéidir nach mbeadh sé indéanta nó oiriúnach cloí le rialacha agus treoirlínte cuí soláthair i líon beag cásanna. Tá beartas rialachais chuí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena leanúint i gcúinsí den sórt sin.

Le linn 2019 tabhaíodh caiteachas €40,000 (2018: €403,000) i leith 1 chonradh (2017: 2 chonradh) le haghaidh seirbhísí TF nuair a measadh de thoradh ár riachtanais oibríochtúla gur ghá an 2 chonradh atá ann cheana a chur ar athlá go dtí go gcríochnófar próiseas tairisceana iomaíoch. Cuireadh conradh nua i bhfeidhm i Márta 2018 (i ndiaidh próisis tairisceana iomaíoch maidir leis an chuid is mó den chaiteachas a bhain leis an dá chonradh sin.

Bhí conradh le haghaidh comhairle ghairmiúil ann freisin nuair a measadh go raibh sé cuí an conradh reatha a chur ar athlá freisin go dtí go gcuirfear bailchríoch ar phróiseas tairisceana iomaíoch (a meastar a tharlóidh ag deireadh 2020). Ba é €81,000 an caiteachas ar an gconradh seo i 2018 (2017: €156,000).

Bhí conradh amháin ann arbh fhiú €46,000 é le haghaidh comhairle sainchomhairleoireachta nuair a measadh go raibh sé cuí gan tairiscintí a iarradh mar gheall ar chúinse práinneach nach raibh coinne leis. Táimid sásta nach mbeadh sé ar chumas aon soláthraí eile ár riachtanais a chomhlíonadh.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag ComReg chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann ComReg ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta shinsearach laistigh de ComReg atá freagrach as forbairt agus cothabháil an creat rialaithe airgeadais inmheánach.

Dearbhaím go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2019.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach i ndáil le 2019 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Choimisiúin

Garrett Blaney

Cathaoirleach

Dáta: 12 Márta 2020

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Leithreasa don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2019

						Bliain go 30 Meitheamh	Bliain go 30 Meitheamh
						2019	2018
		Nótaí	Cumarsáid Leictreonach		Post	Seirbhísí Ardráta	
			Levy €'000	Other €'000	Levy €'000	Levy €'000	Total €'000
Ioncam							
Tobhach			6,708		1,959	475	9,355
Táillí Ceadúnúcháin	2			43,063			43,063
Ioncam Speictrim	2			7,600			7,600
Ioncam Eile	2			173			173
Ollioncam			6,708	50,836	1,959	475	59,978
Aistriú (chuig) Cúlchiste Caipitil	12			1,481			1,481
Glanioncam			6,708	52,317	1,959	475	61,459
Caiteachas							
Costais Foirne	3		7,575	3,610	607	265	12,057
Costais Sochair Scoir	17(b)		1,988	948	159	70	3,165
Comhairle Theicniúil	4		4,628	3,107	1,185	267	9,187
Costais Dlí	5		1,720	730	28	19	2,497
Fógraíocht			51	42			93
Costais Riaracháin	6		1,213	1,078	81	64	2,436
Luach saothair na n-íniúcháirí			11	6	1	1	19
Áitreabh agus Costais Ghaolmhara			1,464	837	95	95	2,491
Dímheas	7		1,703	907	111	111	2,832
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní				(2)			(2)
Síntiúis d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta	15		688				688
			21,041	11,263	2,267	892	35,463
Barrachas / (Easnamh) roimh Leithreasaí			(14,333)	41,054	(308)	(417)	25,996
Lúide: Leithreasaí							
Iníoctha leis an Lárchiste	13						(27,106)
Coigeartú Cúlchiste Pinsin	13						1,110
Barrachas tar éis Leithreasaí							0

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22. Thar ceann an Choimisiúin

Garrett Blaney
Cathaoirleach

Dáta: 12 Márta 2020

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 30 Meitheamh 2019

		Bliain go 30 Meitheamh	Bliain go 30 Meitheamh
		2019	2018
	Nótaí	iomlán	iomlán
Barrachas tar éis Leithreasáí		0	0
Toradh iarbhair lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	17(f)	747	2,311
Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	17(f)	904	533
Athruithe ar na toimhdí atá mar bhunús le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir		(9,263)	1,181
Aistrithe isteach le haghaidh seirbhíse roimhe	17(g)	-	-
Gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain		(7,612)	4,025
Glansreabhadh i gCúlchiste Sochair Scoir			
Iarmhéid amhail an 1 Iúil		(7,305)	(10,098)
Iomlán na nGnóthachan Aitheanta sa bhliain		(7,612)	4,025
Coigeartú Cúlchiste Pinsin	13	(1,110)	(1,232)
Iarmhéid amhail an 30 Meitheamh		(16,027)	(7,305)

Léiríonn an Cúlchiste Pinsean Sochair Scoir an difríocht idir costas carnach na sochar scoir lúide méideanna a íocadh go dtí seo.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22. Thar ceann an Choimisiúin

Garrett Blaney
Cathaoirleach

Dáta: 12 Márta 2020

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 30 Meitheamh 2019

		30 June	30 June
		2019	2018
	Notes	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta			
Maoín, innealra & trealamh	7	7,185	8,666
Sócmhainní Reatha			
Infhálaí	8	3,957	4,450
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	9	48,500	78,500
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		9,594	8,898
		62,051	91,848
Dlíteanais Reatha (Suimeanna dlíte laistigh de bhliain amháin)			
Nithe Iníoctha	11	(62,051)	(91,848)
Glansócmhainní Reatha		0	0
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha		7,185	8,666
Iomlán na nGlansócmhainní gan Sochair Scoir a áireamh (Dlíteanas)		7,185	8,666
Sochair Scoir			
sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do SPSPS pinsin	17c(i)	2,540	1,540
scéim phinsin aonair san earnáil phoiblí (dlíteanas)	17c(iv)	(2,540)	(1,540)
ComReg Scheme scéim (dlíteanas)	17c(i)	(16,027)	(7,305)
glansócmhainní iomlána/ (dlíteanais) lena n-áirítear sochair scoir (dlíteanais)		(8,842)	1,361
Arb ionann iad agus			
Cúlchistí Caipitil	12	7,185	8,666
Cúlchiste Sochair Scoir		(16,027)	(7,305)
		(8,842)	1,361

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22. Thar ceann an Choimisiúin

Garrett Blaney
Cathaoirleach

